Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries Assessment Board*

An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

Cé muidne...

# Comhlacht Stáit na hÉireann a ndéanann cúiteamh díobhálacha pearsanta a mheas is ea an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (an PIAB)

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Eochairstaitisticí – 2017 | 2 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| Súil Siar an Phríomhfheidhmeannaigh | 6 |
| Céard a Dhéanaimid | 9 |
| Spléachadh ar an PIAB | 10 |
| Athbhreithniú Oibriúcháin | 11 |
| Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn | 12 |
| Na costais riaracháin is ísle is féidir a sheachadadh | 16 |
| Cultúr nuálaíochta, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn | 18 |
| Seirbhís níos fearr do chustaiméirí a chur chun cinn | 20 |
| Ag cur go dearfach le timpeallacht réiteach éilimh | 22 |
| Ár nDaoine | 24 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 26 |
| Rialachas | 29 |
| Na Ráitis Airgeadais | 32 |
| Aguisín | 57 |



# EOCHAIRSTAITISTICÍ 2017

Líon iomlán iarratas a fuarthas

**33,114**


Méadú nó (- Laghdú) i líon na nIarratas thar 2016

**-2.8%**

Líon iomlán na ndámhachtainí

**12,663**

Dámhachtainí de réir catagóire



Luach na nDámhachtainí

**€315m**

Costais Seachadta %

**6.2%**

Meán -Dámhachtain

**€24,879**

Scrúduithe Dochtúra a Socraíodh

**23,740**

Dámhachtain is Airde

**€605,095**

Glaonna ar an Ionad Seirbhísí

**49,470**

Meánam próiseála

**7.3 months**

Cuairteanna ar an Suíomh Gréasáin

**157,676**

# Ráiteas an Chathaoirligh



Ba bhliain shuntasach í 2017 ó thaobh tábhacht obair an PIAB a aibhsiú maidir le héilimh díobhálacha pearsanta a mheas ar bhealach cothrom ard-éifeachtúil, agus ó thaobh cur go dearfach le timpeallacht réiteach éilimh in Éirinn. Agus an geilleagar ag fás go láidir arís, leibhéil na dífhostaíochta ag dul i laghad agus gníomhaíocht mhéadaithe sa chuid is mó earnálacha, bhí comharthaí na todhchaí feabhsaithe le feiceáil arís i rith na bliana, agus tá siad fós le feiceáil.

I rith na bliana, lean an PIAB leis ag seachadadh a róil ríthábhachtaigh go héifeachtach maidir le bealach éifeachtúil chun éilimh díobhálacha pearsanta gan cheistiú a réiteach ar chostas íseal. Réitíonn samhail an PIAB na héilimh sin chun sásaimh an dá pháirtí i gcás tuairim is 60 faoin gcéad de na héilimh a mheasann sé, laistigh d'achair ama reachtúla i gcónaí.

Ba léir ón aiseolas chugainn i rith na bliana ó ionadaithe gnó agus tiománaithe gur chóir go ndéanfaí breis oibre maidir le saincheist na gcostas árachais agus an chúitimh díobhálacha pearsanta.

Chuige sin, d'fhreagair muidne sa PIAB trí oibriú go dian le páirtithe leasmhara eile maidir leis na heochairfhadhbanna agus saincheisteanna a anailísiú agus réitigh a shainaithint. Tá saincheisteanna na gcostas árachais agus an chúitimh díobhálacha pearsanta ríthábhachtach ó thaobh an-chuid réimsí na sochaí i gcoitinne. Tá siad an-tábhachtach do dhaoine atá ag iarraidh gnólachtaí inmharthana a chur ar bun agus a reáchtáil, dóibh siúd a chuireann iompar ríthábhachtach nó seirbhísí tarlaithe ar fáil, dóibh siúd a bhfuil baint acu san earnáil tógála, agus do gach tiománaí nó úinéir feithicle, agus do gach sealbhóir polasaí i ndeireadh na dála.

I ndiaidh chéad tuarascáil na Meithle um Chostas Árachais (MCÁ) de chuid na Roinne Airgeadais, bhí freagairt struchtúrtha ghníomhach ann ag leibhéal an Rialtais le bunú an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta (CDP), leis an mBreitheamh Nicholas Kearns, iar-uachtarán na hArd-Chúirte, i gceannas air agus le hanailís leanúnach anuraidh ag an MCÁ.

I dtaca linn féin, chuir an PIAB go suntasach leis an MCÁ agus an CDP araon. Táimid ag cur na moltaí éagsúla a bhaineann leis an PIAB atá déanta ag na comhlachtaí sin i bhfeidhm go gníomhach.

Lean ár bhfoireann, a bhfuil go leor taithí acu, ag próiseáil éileamh go héifeachtúil agus go tapa i rith na bliana agus sheachaid siad roinnt tionscadail mhóra freisin a mbeidh tairbhí fadtéarmacha leo. San áireamh leo sin bhí córas nuashonraithe iarratas ar éileamh, seoladh na tairsí nua gréasáin a chuirfidh mórthairbhí éifeachtúlachta ar fáil maidir le hiarratais a dhéanann aturnaetha, agus nuashonrú shuíomh gréasáin an PIAB, ar phríomhchainéal é chun eolas a chur ar fáil don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile. Táimid ag díriú ar úsáid na mbealaí digiteacha chun éilimh a thaisceadh agus idirghníomhú a dhéanamh ina leith a mhéadú go suntasach i measc éilitheoirí agus aturnaetha.

Lean an PIAB leis ag maoiniú a chuid oibríochtaí gan ghá le maoiniú ón Státchiste i rith 2017 agus léiríonn rath leanúnach na hoibríochta bua an Phríomhfheidhmeannaigh atá againn, Conor O'Brien, agus bua bhainistíocht agus fhoireann na heagraíochta. Chinntigh an obair ar fud na heagraíochta go ndearnadh eochairtháscairí feidhmíochta agus oibleagáidí reachtúla na heagraíochta a sheachadadh, agus gur baineadh amach cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta freisin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas díograiseach i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Karen O'Leary, a bhí sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí roimhe seo, a ndeachaigh a téarma oifige in éag i rith na bliana. Fáiltím roimh Tim O'Halloran agus Colette Crowne, a thosaigh leis an mBord i rith na bliana.

# Ráiteas an Chathaoirligh

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D. agus a réamhtheachtaí Mary Mitchell O'Connor T.D. as an tacaíocht a thug siad i rith na bliana, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hoifigigh na Roinne freisin as a gcuid oibre agus tacaíochta don PIAB.

Tar éis bliain láidir don PIAB i rith 2017, táim den tuairim go mbeidh taithí dhearfach acu siúd a úsáidfidh seirbhísí an PIAB i mbliana, de bharr na n-oibríochtaí éifeachtúla agus na tacaíochta atá againn don chomhoibriú, dul chun cinn agus athrú san earnáil.

Tá áthas orm Tuarascáil 2017 an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta a chur i láthair.



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

# Súil Siar an Phríomhfheidhmeannaigh



Chonacthas seachadadh comhsheasmhach éifeachtúil oibríochta arís i mbliana sa PIAB agus bhí baint láidir ag an eagraíocht, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, i dtionscnaimh mhóra a chuirfidh le feabhsú praiticiúil na timpeallachta díobhálacha pearsanta in Éirinn.

Lean an PIAB leis ag seachadadh an misean agus na cuspóirí straitéiseacha atá aige i rith 2017 agus bhí ról fiúntach aige i bhforbairtí níos leithne freisin trí chomhoibriú go dlúth leis na páirtithe leasmhara go léir, trí dhul chun cinn a dhéanamh in eochairthionscadail chun leas na gcustaiméirí, agus trí thacú le hathrú dearfach i réimse na ndíobhálacha pearsanta.

Bunaíodh an PIAB chun éilimh díobhála pearsanta gan cheistiú a mheas. Agus na héilimh gan cheistiú sin á réiteach gan ghá le dlíthíocht chostasach fhada, tá an costas a bhaineann le cúiteamh a sheachadadh laghdaithe go suntasach sna ceithre bliana déag atá caite.

I rith na bliana chlúdaíomar na costais laethúla a bhí againn (mar atá déanta againn ó 2004) agus leanamar ar aghaidh ag cur ár seirbhís éifeachtúil ar fáil ar chostas íseal. Leanaimid ag seachadadh measúnaithe i bhfad níos sciobtha agus ag costas i bhfad níos ísle ná mar a bhaineann le héilimh a réiteach tríd an dlíthíocht. Trí éilimh a réiteach ar bhealach cothrom comhsheasmhach, tá tairbhí iarmhartacha ag ár gcuid oibre freisin ó thaobh comhaontaithe réamhdhlíthíochta a mholadh idir páirtithe na n-éileamh. Tá dúshlán leanúnach fós ann áfach: cé go bhfoilsíonn an PIAB staitisticí trédhearcacha, níl sonraí poiblí ar fáil faoi na costais a bhaineann le réitigh phríobháideacha.

I rith 2017:

- Rinneamar 33,114 iarratas ar éileamh díobhála pearsanta a bhainistiú agus rinneamar 12,663 dámhachtain fhoirmiúil;
- D'éirigh linn meánachar ama próiseála éilimh 7.3 mí a bhaint amach – i bhfad faoin achar ama reachtúil 9 mí, agus ar chostas 6.2% de luach na ndámhachtainí glactha; agus
- Bhronnamar cúiteamh iomlán €315.04 milliún ar íospartaigh timpiste.

Rinneamar oibleagáidí reachtúla na heagraíochta a sheachadadh agus dul chun cinn suntasach i dtreo ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

## Ag freastal ar ár gcustaiméirí

I rith na bliana, lean an PIAB ag tabhairt tús áite do sheirbhís do chustaiméirí atá iontaofa, tapa agus cabhrach a chothabháil, agus éilimh a mheas agus a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil cothrom. Is comhlacht neamhspleách muid agus déanaimid ár ndícheall seirbhís chothrom éifeachtúil a chur ar fáil d'éilitheoirí agus d'fhreagróirí (iad siúd a bhfuil an t-éileamh á chur ina leith).

Táimid ar an eolas tríd an obair a dhéanaimid go bhfuil raon díobhálacha ag baint le héilimh ann, ó dhíobhálacha a bhfuil sláinte iomlán ann mar thoradh ar chóireáil in achar gearr ama, go díobhálacha atá an-tromchúiseach agus a athraíonn an saol don duine. Anseo sa PIAB, guímid dul chun cinn maith agus biseach iomlán lena gcóir leighis ar gach duine a bhfuil díobháil fulaingthe acu.

Táimid an-airdeallach freisin go bhfuil raon freagróirí ann freisin, ó chuideachtaí árachais a dhéileálann lenár seirbhís go rialta agus atá eolach faoi, go húinéirí gnólachtaí beaga agus meánmhéide a bhfuil eolas soiléir uathu uainn a bheidh siad in ann a úsáid chun cinntí a dhéanamh maidir leis an bpróiseas, cibé an dtoilíonn siad go ndéanaimid an t-éileamh a mheas nó nach dtoilíonn. Bhí baint againn i roinnt tionscnaimh i rith na bliana, ó nuashonrú an tsuímh ghréasáin atá againn go rannpháirtíocht in imeacht mór fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM), lena chinntiú go raibh gnólachtaí ar an eolas faoin obair a dhéanaimid agus conas ár seirbhís a úsáid.

# Súil Siar an Phríomhfheidhmeannaigh

## Comhoibriú agus athrú

Bhain cuid mhór dár gcuid oibre in 2017 le rannpháirteachas le páirtithe leasmhara i réimse leathan earnálacha. Dhíríomar go suntasach i rith 2017 ar bheith páirteach in dhá thionscnamh/ghrúpa mhóra de chuid an Rialtais. Ba iad sin an Mheitheal um Chostas Árachais a raibh an tAire Stáit, an tUas. Michael D'Arcy T.D. i gceannas air, agus an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta (CDP) a raibh an Breitheamh Nicholas Kearns, iar-uachtarán na hArd-Chúirte, i gceannas air. D'oibríomar go comhoibritheach agus go rathúil le réimse páirtithe leasmhara eile ar na tionscnaimh sin. Creidimid gur chóir d'obair na gcomhlachtaí sin feabhsú ríthábhachtach a bhaint amach san earnáil agus táimid ag tnúth le dul chun cinn breise a bheidh chun tairbhe gach duine a bhfuil córas réiteach díobhálacha pearsanta inbhuanaithe ag teastáil uathu.

Réimse tábhachtach amháin a rachaidh chun tairbhe feabhsú san earnáil díobhálacha pearsanta ná an reachtaíocht nua atá á dréachtú faoi láthair. Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) i Meitheamh 2017 agus tabharfar isteach leis, nuair a achtaítear é, athruithe sa phróiseas maidir le freastal ar scrúduithe leighis, achair ama reachtúla agus réimsí eile. Sainaithníodh é sin mar thosaíocht reachtach ag an Rialtas i gcomhar 2018.

## Dul Chun Cinn

San áireamh leis na tionscnaimh mhóra sa PIAB a tharla i rith 2017 bhí nuashonrú ar an gcóras iarratas ar líne atá níos soiléire agus níos éasca le húsáid anois.

Eochairthionscnamh eile i rith na bliana ná ríomhthairseach a fhorbairt d'aturnaetha ionas go mbeidh siad in ann doiciméid a chur isteach agus dul chun cinn ar chásanna a mhonatóiriú go leictreonach. Táimid ag leanúint linn ag obair ar úsáid na tairsí a mhéadú i mbliana.

Tá an dá fhorbairt sin ar aon dul leis na cuspóirí atá againn chun na costais riaracháin is ísle agus is féidir a bhaineann le héilimh díobhálacha pearsanta a réiteach a chur chun cinn; cultúr nuálaíochta, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn, agus seirbhís níos fearr do chustaiméirí a chur chun cinn.

Leanamar linn ag féachaint chun an bealach a láimhseálann an PIAB cásanna a fheabhsú, agus chuireamar athruithe i bhfeidhm a mhéadóidh éifeachtúlacht chun tairbhe ár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara uile.

Rinneadh nuashonrú cuimsitheach ar an suíomh gréasán – www.piab.ie – i rith na bliana, agus cuirtear rochtain "aonchlic" ar eolas, CCanna nuashonraithe agus foirmeacha d'éilitheoirí, freagróirí, aturnaetha agus do ghairmithe leighis ar fáil ann anois. Cuirtear staitisticí mionsonraithe agus rochtain shoiléir ar thuarascálacha agus ar dhoiciméid eile ar fáil freisin. Bhí béim bhreise ar úsáid na meán sóisialta chun eolas a chur ar fáil don phobal agus do pháirtithe leasmhara freisin.

## Daoine

Ní féidir le heagraíocht a bheith ann gan obair chrua agus díograis na foirne. Bhí tiomantas, taithí agus saineolas ár gcomhghleacaithe riachtanach i rith na bliana: bliain a bhí gnóthach agus rathúil. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo as an gcúnamh agus tiomantas uathu.

Eochairfhorbairt i mbliana don PIAB agus dá fhoireann ná feidhmiú ar fud na heagraíochta de shraith luachanna ionad oibre don eagraíocht. Creidim go mbeidh an PIAB ina áit níos fearr fós le hobair, agus go dtiocfaidh borradh faoi éifeachtacht ár gcuid oibre.

## Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

I gcaitheamh 2017, chuamar i dteagmháil dhlúth le réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear Árachas Éireann, an tSeirbhís Chúirteanna, an Garda Síochána, Dlí-Chumann na hÉireann, Cumann na nAchtúirí, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, CGFÉ (IBEC), Oifig Náisiúnta an Leighis Tráchta, Gortuithe Dromlaigh Éireann, an Biúró Comhairle Saoránach, an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, agus le heagraíochtaí ó réimse earnálacha gnó.

Bhí cruinnithe rialta againn chomh maith le cuideachtaí árachais aonair, agus le comhaltaí na ngairmeacha dlí agus leighis. Gabhaimid buíochas leis na comhlachtaí sin as dul i dteagmháil linn agus as a gcuid tuairimí a thabhairt dúinn chun cabhrú lenár gcuid oibre.

# Súil Siar an Phríomhfheidhmeannaigh

## Feachtais sábháilteachta

Tríd an obair a dhéanann siad, feiceann an PIAB agus an fhoireann atá aige an tionchar uafásach a bhíonn ag timpistí tromchúiseacha ar an saol go minic. Láimhseálann ár bhfoireann iarratais maidir le timpistí marfacha, timpistí tromchúiseacha dromlaigh agus teascthaí. Bíonn tionchar fadtéarmach ag na díobhálacha sin ar dhaoine aonair agus ar a dteaghlaigh agus bíonn pian, brón agus téarnamh deacair ag baint leo. Oibrímid agus tacaímid le hobair an Gharda Síochána, an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le saincheisteanna sábháilteachta agus laghdú i ndíobhálacha. I rith 2017, chuireamar tús le rangú staitistiúil níos mionsonraithe a tháirgeadh de dhíobhálacha agus timpistí, ar aon dul leis an gcóras idirnáisiúnta ICD 10. Creidimid go gcuirfidh an obair sin sonraí luachmhar ar fáil dóibh siúd go léir a bhfuil baint acu le cúiseanna na dtimpistí a anailísiú agus le sábháilteacht a chur chun cinn.

Mar aon leis an gcostas pearsanta dóibh siúd atá thíos le díobhálacha pearsanta, tá tionchar suntasach ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar ó thaobh cúitimh, costais athshlánúcháin, agus deiseanna caillte de. Dá bhféadfaí déine agus minicíocht na dtimpistí a laghdú, bheadh acmhainní ar fáil do riachtanais ríthábhachtacha eile sna seirbhísí poiblí ansin gan amhras.

## Conclúid

Gabhaim buíochas le Cathaoirleach an PIAB agus le comhaltaí eile an Bhoird as an tacaíocht agus an ionchur uathu i rith na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Heather Humphreys T.D., an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus lena réamhtheachtaí, an tAire Mary Mitchell O'Connor T.D. agus le foireann na Roinne as an tacaíocht agus an cúnamh i rith na bliana. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le Michael D'Arcy, T.D. Aire Stáit ag an Roinn Airgeadais, lenar oibríomar ar an Meitheal um Chostas Árachais na Roinne le linn 2017.



**Conor O'Brien**
*Príomhfheidhmeannach*

Éascaímid próiseas measúnaithe díobhálacha pearsanta atá **cothrom agus trédhearcach** ina réitítear **éilimh ar chostas íseal** agus ar bhealach **tapa agus neamhsháraíochta**.

Téimid **i dteagmháil le gach páirtí agus páirtí leasmhar** sa phróiseas réiteach éilimh ar bhealach macánta éifeachtúil.

Is samhail dhearfach í an tsamhail atá againn **don tsochaí i gcoitinne** ós rud é go seachadann sí cúiteamh níos tapa, le costais níos ísle agus le torthaí intuartha.

# Spléachadh ar an PIAB

Comhlacht Stáit na hÉireann a dhéanann cúiteamh díobhálacha pearsanta a mheas ar bhealach tapa cost-éifeachtúil is ea an PIAB.

Measann an PIAB cúiteamh maidir le díobhálacha pearsanta a fhulaingíonn daoine i dtimpistí mótair, i dtimpistí ionaid oibre agus i dtimpistí dliteanais phoiblí.

Ní mór do gach éileamh díobhála pearsanta teacht tríd an PIAB, mura réitítear é go luath idir éilitheoirí agus árachóirí/freagróirí.

Tá breis is 120,000 cás measta ag an PIAB ó bunaíodh é in 2004 agus tá a chuid measúnaithe glactha ag breis is 60 faoin gcéad d'éilitheoirí.

Thóg sé 7.3 mí ar an meán chun measúnú a dhéanamh in 2017 agus chosain an seachadadh 6.2% de na dámhachtainí ar an meán.

Is féidir éilimh a réiteach trí: réiteach díreach idir na páirtithe, measúnú an PIAB, nó dlíthíocht. Cinntear leibhéil foriomlána damáistí le breitheanna cúirte i ndeireadh na dála, agus caomhnaíonn samhail an PIAB an ceart bunreachtúil rochtana ar na cúirteanna.

Gearrtar táille €600 an cás ar árachóirí/freagróirí as seirbhís an PIAB agus gearrtar €45 ar éilitheoirí. Agus toiliú rochtana faighte ón bhfreagróir, láimhseáiltear formhór na gcásanna PIAB laistigh de 7 mí. I gcomparáid leis sin, beidh costais i bhfad níos airde próiseála ag cásanna má théann siad ar aghaidh chuig dlíthíocht, agus tógann sé i bhfad níos mó ama iad a thabhairt chun críche.

Is féidir le héilitheoirí déileáil leis an PIAB go díreach nó is féidir leo seirbhísí aturnae a úsáid chun déileáil linn ar a son – ní mór dóibh aon chostas dlí gaolmhar a íoc go ginearálta, áfach.

Foilsímid eolas trédhearcach, an t-eolas is cuimsithí atá ar fáil maidir le héilimh díobhála pearsanta in Éirinn, Leabhar Candaim san áireamh. Glacaimid páirt freisin, go gníomhach agus go comhoibríoch, le comhlachtaí ar nós an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta agus na Meithle um Chostas Árachais de chuid na Roinne Airgeadais, agus téimid i ngleic go dearfach le gach páirtí leasmhar.

Trí shonraí a fhoilsiú go trédhearcach, agus ós rud é go mbíonn costais níos intuartha ar éilimh mar gheall ar shamhail an PIAB, cuireann an PIAB le córas cúitimh díobhálacha pearsanta níos éifeachtúla in Éirinn.

**Cuspóirí Straitéiseacha an PIAB:**

- An méid cúitimh atá i dteideal le héilimh díobhála pearsanta a mheas go cothrom agus go cruinn laistigh de shainchúram an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhealach tapa.
- Na costais is ísle riaracháin agus is féidir a bhaineann le héilimh díobhála pearsanta a réiteach a chur chun cinn.
- Cultúr nuálaíochta agus sármhaitheasa a chur chun cinn, ag cothú eagraíocht éifeachtúil sholúbtha le foireann spreagtha sciliúil agus ag uasmhéadú tionchar dearfach na teicneolaíochta.
- Seirbhís níos fearr do chustaiméirí a chur chun cinn, atá dírithe ar rochtain ar eolas faoinár gcuid seirbhísí a bheith ar fáil do chách, arna tacú ag próiseas measúnaithe éilimh atá trédhearcach agus inrochtana agus eagraíocht chost-éifeachtúil.
- Leanúint le páirt dhearfach a ghlacadh i dtimpeallacht réiteach éilimh díobhála pearsanta in Éirinn atá ag athrú trí úsáid níos mó a bhaint as samhail neamhsháraíochta an Bhoird.

# Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

# Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

Ní mór gach éileamh díobhála pearsanta (le heisceachtaí atá leagtha amach san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003) a chur faoi bhráid an PIAB, mura réitítear go luath é idir éilitheoirí agus árachóirí/freagróirí. Is féidir le héilitheoirí déileáil go díreach leis an PIAB nó is féidir leo iarradh ar thríú páirtí, aturnaetha ina measc, a n-éileamh a chur isteach ar a son. Ní mór d'éilitheoirí costais dlí a íoc go ginearálta.

Measann an PIAB an cúiteamh atá iníoctha as díobhálacha pearsanta a fuarthas mar thoradh ar thimpiste mótair, ionaid oibre nó dliteanais phoiblí. Ní mór gach cás dá leithéid a chur faoi bhráid an PIAB mura réitítear é ag céim níos luaithe idir na páirtithe. I gcás go dtoilíonn an freagróir (an páirtí a bhfuil an t-éileamh á dhéanamh ina leith) do mheasúnú an PIAB, cuirtear an measúnú i gcrích go sciobtha – laistigh de bheagán sa bhreis ar sheacht mí ar an meán in 2017. In 2017, bhí 33,114 iarratas chuig an PIAB ar an iomlán. Ba ionann sin agus laghdú 2.8% ar fhigiúr 2016, 34,056. Bhí 18,623 éileamh mótair ann in 2017. Bhí 8,857 éileamh Dliteanais Phoiblí ann in 2017 agus 5,634 éileamh Dliteanais Fostóirí. I gcás go nglacann an dá pháirtí leis an measúnú, réitítear an cheist gan ghá le dlíthíocht. Bíonn dámhachtainí infhorfheidhmithe le dlí atá ar aon chéim leis na Cúirteanna mar thoradh air sin. In 2017, rinne an PIAB 12,663 dámhachtain cúitimh de luach €315.04 milliún. I gcomparáid leis sin, bhí 12,966 dámhachtain in 2016 de luach €315.13 milliún.

Is éard is dámhachtain an PIAB ann ná an cúiteamh airgeadais iníoctha le duine aonair a fhulaingíonn díobháil phearsanta. Áirítear leis dhá chineál damáiste. Is iad sin Damáistí Ginearálta as an bpian agus as an bhfulaingt a chruthaigh an díobháil, agus Damáistí Speisialta as caillteanas airgeadais – go dtí seo agus sa todhchaí araon m.sh. caillteanas pá, costas cúraim leighis srl. Baineann na sonraí dámhachtana sa tuarascáil seo le luach iomlán dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Speisialta.

Déantar Damáistí Ginearálta a mheas leis an Leabhar Cantaim. Is treoir é sin ar leibhéil chúitimh in Éirinn (ar fáil ag www.piab.ie) agus caithfidh na Cúirteanna a bheith airdeallach faoi freisin faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004.

## Líon agus luach dámhachtainí

Leagtar amach líon agus luach na ndámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006 i leith i dTábla 1.1.

**Tábla 1.1 Líon agus Luach Dámhachtainí de réir Bliana**

| | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí |
|---|---|---|
| 2017 | 12,663 | €315.04m |
| 2016 | 12,966 | €315.13m |
| 2015 | 11,734 | €268.45m |
| 2014 | 12,420 | €281.21m |
| 2013 | 10,656 | €243.46m |
| 2012 | 10,136 | €217.94m |
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| **Iomlán** | **120,057** | **€2,751.39m** |

# Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

**Fíor 1.1 Miondealú ar Dhámhachtainí 2017 de réir Catagóire**

| | % | Líon | Meán-luach |
|---|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | 72% | 9,142 | €23,234 |
| Dliteanas Fostóirí | 10% | 1,216 | €32,015 |
| Dliteanas Poiblí | 18% | 2,305 | €27,638 |
| **Fo-iomlán** | | **12,663** | |

**Fíor 1.2 Meánluach Dámhachtainí de réir Catagóire**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €23,234 | €22,454 |
| Dliteanas Fostóirí | €32,015 | €35,159 |
| Dliteanas Poiblí | €27,638 | €26,592 |
| Meán foriomlán | **€24,879** | €24,305 |

Léirítear le Fíor 1.2 meánluach na ndámhachtainí i ngach catagóir in 2017 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóirí agus Dliteanas Poiblí. Féadann líon éagsúil cásanna a bheith ann ó bhliain go bliain, a léiríonn athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus sreabhadh na n-éileamh nua agus na bpatrún réitigh príobháidigh. Féadann éagsúlacht sa mheán-dámhachtain a bheith ann mar thoradh ar athruithe i líon na n-éileamh, na catagóire agus na déine. Tháinig méadú beag ar an meán-dámhachtain in 2017 i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe.

I rith 2017, agus ar aon dul le blianta roimhe, bhí meán-dámhachtainí i gcatagóir an Dliteanais Fostóirí níos airde ná i gcatagóirí eile, rud a léiríonn cé chomh tromchúiseach agus casta is a bhíonn na díobhálacha a fhaightear i dtimpistí ionaid oibre.

## Raon Dámhachtainí

An dámhachtain is airde in 2017 ná €605,095.

Bhí breis is leath na ndámhachtainí PIAB in 2017 faoi bhun €20,000 (6,428 cás).

Bhí formhór mór na ndámhachtainí díobhála pearsanta in 2017 (10,947) faoi €38,000 i luach dámhachtana.

Bhí dámhachtainí sa bhreis ar €100,000 i gcás 105 éileamh, mar a léirítear i dTábla 1.2.

**Tábla 1.2 Miondealú ar Líon Iomlán na nDámhachtainí in 2017 (de réir Luacha agus Catagóir Éilimh)**

| Meán-luach Catagóir (€) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóirí | Dliteanas Poiblí | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| **<20k** | 5,046 | 416 | 966 | **6,428** |
| **20-38k** | 3,220 | 464 | 835 | **4,519** |
| **38-100k** | 805 | 320 | 486 | **1,611** |
| **>100k** | 71 | 16 | 18 | **105** |
| **Gach** | 9,142 | 1,216 | 2,305 | **12,663** |

# Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

## Meán-Dámhachtain de réir Réigiúin/Catagóire

| Tábla 1.3 | |
|---|---|
| **BAILE ÁTHA CLIATH** | **Meán-Dámhachtain 2017** |
| **Dliteanas Mótair** | €21,453 |
| **Dliteanas Fostóirí** | €27,948 |
| **Dliteanas Poiblí** | €24,263 |
| **AN CHUID EILE DE CHÚIGE LAIGHEAN** | **Meán-Dámhachtain 2017** |
| **Dliteanas Mótair** | €23,980 |
| **Dliteanas Fostóirí** | €33,068 |
| **Dliteanas Poiblí** | €30,733 |
| **CONNACHT-ULAIDH** | **Meán-Dámhachtain 2017** |
| **Dliteanas Mótair** | €26,352 |
| **Dliteanas Fostóirí** | €37,841 |
| **Dliteanas Poiblí** | €29,881 |
| **CÚIGE MUMHAN** | **Meán-Dámhachtain 2017** |
| **Dliteanas Mótair** | €23,065 |
| **Dliteanas Fostóirí** | €33,735 |
| **Dliteanas Poiblí** | €28,496 |

Léirítear i dTábla 1.3 agus in aguisíní na tuarascála seo miondealú na meán-dámhachtana de réir catagóire ar bhonn réigiúnach. Bíonn dámhachtainí Dliteanais Fostóirí ar luach níos airde de ghnáth mar gheall ar an gcineál díobhálacha a fhaightear i dtimpistí ionaid oibre. Léirítear éagsúlachtaí réigiúnacha sa chineál timpistí atá i gceist. Is féidir teacht ar anailís mhionsonraithe ar na dámhachtainí de réir réigiúin agus contae san Aguisín.

## Amlíne Mheasúnaithe

Tá oibleagáid ar an PIAB faoina Acht 2003 éilimh a mheas laistigh de 9 mí ó thoiliú an fhreagróra (iad siúd atá ag freagairt d'éilimh – árachóirí ar son sealbhóirí polasaí de ghnáth) a fháil ar phróiseas an mheasúnaithe. Tá cúinsí eisceachtúla ann ina bhféadtar an amlíne 9 mí a shíneadh. Léiríonn torthaí 2017 an PIAB gur thóg sé 7.3 mí ar an meán ón Dáta Toilithe go Dáta na Dámhachtana.

# Na costais riaracháin is ísle is féidir a sheachadadh

# Na costais riaracháin is ísle is féidir a sheachadadh

Arís eile, in 2017, d'oibrigh an eagraíocht gan chostas ar bith don Státchiste. Ní tharraingíonn sé anuas cistí agus ina theannta sin, cuireann sé go suntasach leis an ngeilleagar ó thaobh cánach de agus trí earraí agus seirbhísí a cheannach trí sholáthar poiblí. Tagann ioncam an PIAB ó na táillí a ghearrann sé, go príomha ó fhreagróirí (nó óna n-árachóirí) le táille réasúnta iarratais ó éilitheoirí freisin. Tá táille €600 d'fhreagróirí agus €45 d'éilitheoirí faoi láthair, agus socraítear iad leis an reachtaíocht.

## Costais Seachadta

In 2017, sheachaid an PIAB leibhéal reatha an chúitimh ar chostas seachadta 6.2%. Níl ár gcuid costas seachadta bunaithe ar chéatadán luach na dámhachtana ach is táillí seasta iad den chuid is mó. Is laghdú é sin ar fhigiúr na bliana roimhe a bhí 6.4%.

A mhéid cásanna a fhéadtar a phróiseáil trí shamhail ísealchostais an PIAB, is mó tionchair a bhíonn ar chostais éilimh ar an iomlán atá ar cheann de na gnéithe de leibhéil phréimhe árachais.

In 2017, glacadh le 6,788 dámhachtain ag custaiméirí an PIAB (éilitheoirí agus freagróirí), mar a léirítear i dTábla 2.1 thíos.

## Fócas ar Éifeachtúlacht

Bhí fócas leanúnach ar luach ar airgead a bhaint amach maidir le soláthairtí agus seirbhísí a fuair an PIAB in 2017. Úsáideadh córas tairiscintí iomaíocha agus conarthaí Rialtais Láir d'fhonn coigiltí agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach i réimsí ar nós Seirbhísí Párolla Seachfhoinsithe, Seirbhísí Glantóireachta agus samhail seirbhíse Bainistithe (tairiscintí iomaíochta) agus Seirbhísí um Iniúchóireacht Inmheánach, Seirbhísí Bróicéireachta Árachais agus Seirbhísí Slándála TFC (Oifig um Sholáthar Rialtais + conarthaí/creat-chomhaontuithe Rialtais Láir).

Thugamar faoi chomórtas tairisceana, le cúnamh ó FSS, chun cur lenár bPainéal Speisialtóirí Leighis reatha. Ag eascairt ón gcomórtas sin, chuireamar breis is 150 cleachtóir leis an bpainéal. Baineadh coigiltí amach i roinnt réimsí ina gceannaítear earraí nó seirbhísí, agus bhí monatóireacht agus fócas leanúnach ar bhuiséid, ar sholáthar iomaíoch agus ar sholáthraithe tríú páirtithe a bhainistiú go héifeachtúil.

## Athbhreithniú ar Ídiú Fuinnimh in 2017

Mar ghníomhaireacht san earnáil phoiblí, táimid lántiomanta dár bpáirt a ghlacadh maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh (laghdú) 33% a bhaint amach ón mbliain bhunlíne 2009 go dtí 2020. Go dtí Nollaig 2017, bunaithe ar fhigiúirí a tugadh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), bhaineamar amach feabhsú 53% ón mbunlíne.

In 2017, d'ídigh an PIAB 187,400 KWh fuinnimh, in úsáid leictreachais amháin. Áirítear leis sin úsáid leictreachais ag an áitreabh ar léas nuair a tugadh faoi oibreacha athchóirithe ann. Is ionann úsáid 2017 ina hiomlán agus laghdú 22,550KWh ar úsáid 2016.

## Gníomhartha ar Tugadh Fúthu in 2017

Chuireamar tionscadal Athchóirithe Foirgnimh i gcrích a d'áirigh athchur agus uasghrádú ar an gcóras Aerchóirithe agus uasghrádú ar an gcóras soilsithe. Cuirfidh na córais uasghrádaithe sin coigiltí ar fáil ó thaobh éifeachtúlachta fuinnimh de. Chuireamar eochairthionscadal TF i gcrích freisin trínár mbonneagar TF a aistriú go samhail seirbhíse lánbhainistithe.

## Gníomhartha atá Beartaithe do 2018

In 2018, tá sé ar intinn againn an méid a leanas a chur i gcrích:

- tionscadal uasghrádaithe deisce a dhéanamh
- feasacht leanúnach foirne a dhéanamh maidir le caomhnú fuinnimh.

**Tábla 2.1 Líon agus Luach Iomlán Dhámhachtainí Glactha an PIAB**

| | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí Glactha | 6,788 | 7,071 | 6,716 | 7,519 | 6,476 | 6,124 |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí Glactha | €168.86m | €168.68m | €151.35m | €165.97m | €142.57m | €127.62m |
| Costais Iomlána Sheachadta an PIAB | €10.46m | €10.72m | €9.84m | €11.17m | €10.76m | €11.47m |

# Cultúr nuálaíochta, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn

# Cultúr nuálaíochta, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Cumasóir bunriachtanach is ea an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide don PIAB. An straitéis atá againn ná leanúint linn ag infheistiú i TFC chun tacú le hobair na heagraíochta, le riachtanais ár gcustaiméirí agus chun éifeachtúlacht a mhéadú. Bímid feasach i gcónaí faoi fhorbairtí reatha sna réimsí ábhartha TFC lena n-áirítear bainistíocht sonraí, próiseáil sonraí, slándáil agus cosaint sonraí.

Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tacaímid le straitéis an rialtais i réimse an r-rialtais agus an r-thráchtála, agus nuair is féidir táimid tiomanta don teicneolaíocht a úsáid chun ligean do dhaoine ár seirbhísí a úsáid trí ardáin ar líne agus trí chórais dhigiteacha féinseirbhíse.

Tríd an teicneolaíocht agus na seirbhísí ar líne a úsáid, bhíomar in ann cáilíocht na seirbhísí agus rochtain do chustaiméirí a fheabhsú, mar aon le héifeachtúlachtaí a thiomáint.

## Rialaitheach

Áirítear lenár n-infheistithe i réimse TFC uasghrádú agus athchur ar chrua-earraí agus bogearraí, i dteannta seirbhísí speisialtóirí a úsáid d'fhonn ár saineolas intí a mhéadú ar bhealach cost-éifeachtúil agus éifeachtach. Áirítear leis freisin oiliúint agus faisnéis a chur ar fáil ar fud na heagraíochta maidir le topaicí ábhartha teicneolaíochta faisnéise. Tá sé mar aidhm againn, ní hamháin comhlíonadh a bhaint amach, ach a bheith ag teacht leis an dea-chleachtas ó thaobh teicneolaíocht faisnéise a chur i bhfeidhm.

## Bonneagar TF

Chuireamar eochairthionscadal i gcrích chun ár mbonneagar TF a aistriú go samhail seirbhíse lánbhainistithe i rith 2017.

## Rochtain Gréasáin

In 2017, chuireamar uasghrádú dár suíomh gréasáin i gcrích. I measc na dtairbhí tá soiléireacht níos fearr agus luas rochtana níos tapa ar eolas. Thugamar isteach foirm iarratais éilimh ar líne uasghrádaithe freisin agus tairseach gréasáin féinseirbhíse do ghairmithe dlí a chuaigh i bhfeidhm go déanach in 2017, lena príomhchur i bhfeidhm in 2018. Is ardán slán gréasán-bhunaithe é ina bhféadann úsáideoirí údaraithe rochtain a fháil ar eolas a bhaineann le héilimh a gcliaint agus dul i dteagmháil leis an PIAB.

Tá tairseach aturnae an PIAB ar fáil ar shuíomh gréasáin an PIAB ag www.piab.ie. I measc na dtairbhí, cuireann an t-ardán rochtain ar fáil ar eolas fíor-ama maidir le héilimh agus a ndul chun cinn, agus is féidir doiciméid a uaslódáil/íoslódáil go tapa agus go héasca, rud a laghdaíonn na costais poist, páipéir agus riaracháin.

## Athbhreithniú ar Phróiseas

Chuireamar athbhreithniú i gcrích ar phróiseas an PIAB agus rinneamar obair bhreise maidir le hathruithe agus éifeachtúlacht a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear próisis oibríochtúla a chuíchóiriú, le próisis níos éifeachtaí mar thoradh orthu. Tá obair ag dul ar aghaidh agus cuirfear tuilleadh athruithe éifeachtúlachta oibríochtúla i bhfeidhm i rith 2018.

## Saoráidí

Tá an PIAB suite ar dhá urlár ag Grain House, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus íocann an Bord as costais an léasa. I rith 2017, d'oibríomar le OOP ar athchóiriú an áitribh agus ar uasghrádú agus athchur riachtanach an chórais aerchóirithe. Chun an obair sin a éascú, thógamar léas gearrthéarmach ag áitreabh i gceantar Thamhlachta. Críochnaíodh an obair, a tosaíodh in 2016, in am agus laistigh den bhuiséad sa dara ráithe de 2017. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bhfoireann as a gcúnamh agus a dtacaíocht le linn na n-oibreacha sin. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le OOP freisin.

# Seirbhís níos fearr do chustaiméirí a chur chun cinn

# Seirbhís níos fearr do chustaiméirí a chur chun cinn




Córas riaracháin páipéarbhunaithe atá éasca le húsáid is ea samhail an Bhoird gan aon éisteachtaí ó bhéal ná próisis sáraíochta, agus cuirimid an-chuid tacaíochtaí ar fáil d'éilitheoirí a bhíonn ag iarraidh a n-éileamh a láimhseáil iad féin.

Eochairthosaíocht don PIAB is ea an tseirbhís do chustaiméirí. Seachadtar ár dteagmháil ag pearsanra ag an Ionad Seirbhíse bunlíne i gCloich na Coillte, Co Chorcaí, agus trí ghníomhartha a chuireann foirne an Ionaid Mheasúnaithe i mBaile Átha Cliath i gcrích.

Cuireann Ionad Seirbhíse an PIAB an méid a leanas ar fáil:

- Eolas mionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí agus freagróirí ionchasacha maidir le héilimh a chur chun cinn;
- Treoir mhionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí atá ag cur iarratais i gcrích; agus
- Deis chun cainte le pearsanra ar uimhir íosghlao 1890 829 121 ó 8r.n. go 8i.n. ó Luan go hAoine.

Déileálann an tIonad Seirbhíse le Gníomhairí eile freisin m.sh. Aturnaetha, Cuideachtaí Árachais, Dochtúirí agus Speisialtóirí.

In 2017, leanamar linn ag cur próiseas measúnaithe éilimh trédhearcach inrochtana ar fáil tríd an Ionad Seirbhíse.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Téann an PIAB i dteagmháil le custaiméirí trí phearsanra ag an Ionad Seirbhíse bunlíne i gCloich na Coillte, Co Chorcaí, agus trí ghníomhartha a chuireann foirne an Ionaid Mheasúnaithe i mBaile Átha Cliath i gcrích. I rith na bliana, láimhseáil ár nIonad Seirbhíse 49,470 glao isteach, 258,433 mír poist isteach, 93,110 r-phost isteach, 7,871 facs isteach agus shocraigh sé 23,740 coinne leighis.

## Suíomh Gréasáin:

Príomhfhócas teagmhála agus comhroinnt eolais le custaiméirí is ea suíomh gréasáin an PIAB (www.piab.ie). Cuireann an suíomh gnéithe atá dírithe ar an gcustaiméir ar fáil ar nó roghanna ar líne chun éilimh a chur isteach go díreach, mar aon le sonraí fairsinge staitistiúla, agus eolas d'fhreagróirí, do ghairmithe dlí agus do ghairmithe leighis.




In 2017 tugadh 157,676 cuairt ar ár suíomh gréasáin. Rinne 874 duine éileamh ar líne lenár suíomh gréasáin i rith na bliana.

I measc forbairtí sa réimse seo bhí forbairt ar thairseach gréasáin d'aturnaetha a chuirfear i bhfeidhm in 2018.

Déanaimid suirbhé bliantúil ar chustaiméirí a dhéileálann leis an PIAB agus bhí torthaí dearfacha ag na suirbhéanna sin i gcónaí. Déanaimid taighde margaidh phoiblí freisin chun leibhéil feasachta ar an PIAB agus na seirbhísí a chuireann sé ar fáil a fháil amach.

# Ag cur go dearfach le timpeallacht na réiteach éilimh

# Ag cur go dearfach le timpeallacht na réiteach éilimh

Sular bunaíodh an PIAB, ní raibh an dara rogha ag éilitheoir a d'fhulaing díobháil phearsanta ach coinneáil lena (h)éileamh tríd an gcóras dlíthíochta.

Seachadann samhail neamhsháraíochta an PIAB réitigh d'éilitheoirí i bhfad níos tapa agus ar chostas i bhfad níos ísle ná modhanna eile. Ba é €10.46 milliún costais sheachadta iomlán an PIAB in 2017. Léiríonn sin coigiltis shuntasacha nuair a chuirtear i gcomparáid é leis na costais a bheadh ann do na cásanna sin dá leanfaí leo sa chóras dlíthíochta.




## Léargas Éilimh agus Beartais

Agus ár sainchúram maidir le dámhachtainí cúitimh a sheachadadh á chomhlíonadh, bailímid sonraí suntasacha ar dhíobhálacha agus ar chúinsí na dtimpistí i réimse leathan suíomhanna. Cuireann rochtain ar na sonraí anaithnidithe sin léargas tábhachtach ar fáil faoi na cineálacha díobhálacha a fhaigheann daoine agus faoi na cineálacha timpistí ina mbíonn baint acu. Táimid ag déanamh iarrachta an méid sonraí a bhfuilimid in ann a chur ar fáil a mhéadú trí chatagóiriú ICD 10 (córas rangaithe leighis idirnáisiúnta) a chur i bhfeidhm, agus rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse sin i rith 2017.

Féadann an t-eolas staitistiúil sin a bheith úsáideach, go háirithe dóibh siúd atá freagrach as bainistíocht riosca agus cosc timpistí, Gníomhaireachtaí Stáit eile san áireamh.

An cuspóir atá againn sa PIAB ná leanúint le páirt dhearfach a ghlacadh sa timpeallacht réiteach éilimh díobhála pearsanta in Éirinn atá ag athrú trí úsáid níos mó a bhaint as samhail neamhsháraíochta an Bhoird.

Déanaimid amhlaidh trí eolas a chur ar fáil go trédhearcach don lucht déanta beartais, rud a chabhraíonn lena gcuid oibre. Déanaimid amhlaidh freisin trí eolas fíorasach agus ábhar mínitheach a chur ar fáil do dhaoine a d'fhulaing timpiste agus a bhfuil rogha acu ár samhail a úsáid.

Creideann an PIAB go bhfuil gá ann le haghaidh sonraí trédhearcacha maidir le cásanna a réitítear lasmuigh den PIAB nó próiseas na cúirte, d'fhonn íomhá iomlán a thabhairt ar shonraí éilimh.

## Páirtithe leasmhara

Cuirimid eolas ar fáil do réimse leathan páirtithe leasmhara ón earnáil ghnó, dlí agus árachais go réimsí tomhaltóirí, agus go speisialtóirí acadúla i réimsí an chúitimh dhíobhálacha agus árachais. Freastalaímid ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir agus glacaimid páirt ghníomhach iontu, agus tugaimid an léargas atá againn ar réimsí ina bhféadtar feabhsú a dhéanamh. I rith 2017, bhí seastán againn ag an imeacht Taking Care of Business a d'eagraigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. D'fhreastalaíomar freisin ar chruinnithe de ghrúpaí earnála leighis, sláinte agus sábháilteachta agus árachais.

I rith 2017, bhuaileamar le réimse leathan eagraíochtaí san earnáil ghnó agus stáit.

Chuamar i dteagmháil dhearfach leis na breithiúna, a bhfuil ról neamhspleách acu maidir le breitheanna i gcásanna díobhála pearsanta.

Ghlacamar páirt ghníomhach sa Mheitheal um Chostas Árachais de chuid na Roinne Airgeadais agus thugamar tacaíocht láidir don Choimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta i rith 2017.

# Ár nDaoine

# Ár nDaoine

Braitheann rath an PIAB ar bhua, ar chruthaitheacht agus ar nuálaíocht na foirne a sheachadann na cuspóirí straitéiseacha agus misean atá aige. Tá an fheidhmíocht tríd an bhfoireann ag croílár straitéis an PIAB chun rannpháirtíocht, ionchuimsitheacht agus cumasú a chinntiú. Tá tacaíocht oideachasúil, cláir oiliúna, obair bhuíne ar thionscadail, grúpaí comhroinnte eolais agus obair aclaí (i.e. fleisc-am, seachtain oibre laghdaithe, bliain oibre níos giorra, sosanna gairme) mar bhonn dár bhfoireann a fhorbairt.

Thug Coiste Comhpháirtíochta an PIAB, i gcomhar le gnólacht sheachtrach sainchomhairleoireachta, cuireadh do gach comhghleacaí páirt a ghlacadh i Suirbhé Meoin Foirne in 2017. Ba é aidhm an tsuirbhé sin ná an PIAB a dhéanamh ina áit níos fearr fós le hoibriú ann, agus áit ina mbaintear amach a chuid spriocanna ar bhealach rathúil dearfach. Bhí cúig phríomhthéama sa suirbhé: Daoine, Obair, Deiseanna, Cothromaíocht Saoil agus Luachanna Saothair Iomlána. Comhlánaigh 90% comhghleacaithe an suirbhé. Tugadh eochairthéamaí agus réimsí le forbairt sa PIAB do Choiste Comhpháirtíochta an PIAB, le tacú ón bhFoireann Bainistíochta, ó thorthaí an tsuirbhé. I ndiaidh an tsuirbhé, thug an Coiste Comhpháirtíochta cuireadh do gach comhghleacaí cabhrú chun croíluachanna an PIAB a shainmhíniú agus chun beocht a chur ann. Is é bunús shainiúlacht uathúil an PIAB ná croíluachanna na PIAB.

Chomhaontaigh ár gcomhghleacaithe ar an acrainm CROÍ, chun cur síos a dhéanamh ar ár gcuid luachanna, prionsabail, fealsúnacht agus cultúr as Béarla. Seasann an t-acrainm do Collaboration (comhoibriú), Respect (meas), Openness (oscailteacht) agus Integrity (ionracas). Comhaontaíodh gurb iad sin na luachanna ba thábhachtaí don fhoireann agus an t-iompar a gheallaimid go léireoimid dá chéile agus do pháirtithe leasmhara eile.

Bhí deis ag an PIAB in 2017 iasacht 18 mí a tháirgeadh do bheirt bhall foirne chuig Rúnaíocht an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta bunaithe sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Bunaíodh an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta de bharr moladh ó thuarascáil na Meithle um Chostas Árachais a foilsíodh go luath in 2017. Bhí roinnt comhghleacaithe eile in ann an t-eolas gairmiúil agus teicniúil atá acu a leathnú mar thoradh ar an deis sin. I measc na gcomórtas earcaíochta eile i rith na bliana bhí ceapachán Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin in Oibríochtaí agus Seirbhísí Corparáideacha chun feidhmiú mar Oifigeach SF an Bhoird agus mar Mheasúnóir Éileamh, poist shealadacha chun áit na mball foirne a bhí ag baint leasa as obair aclaí a thógáil, poist bhuana mar Oifigigh Chléireachais agus comórtas teoranta chun cúig Oifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh.

Tá an PIAB tiomanta d'fholláine agus do leas na foirne d'fhonn cabhrú le fostaithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh agus chun seirbhís rialta éifeachtúil a chur ar fáil agus, ar an gcaoi sin, go mbainfí spriocanna an Bhoird amach.

Tacaítear leis an tiomantas sin ag Beartas Bainistithe Tinrimh, cláir a bhfuil sé mar aidhm acu feasacht sláinte a mhéadú agus fadhbanna leighis a aithint ag céim luath (léachtaí ag am lóin, Tástáil Súile Scáileáin Taispeána VDU a chur ar fáil, Scagadh Sláinte Deonach a chur ar fáil, measúnuithe eirgeanamacha, atreoraithe chuig Comhairleoir Sláinte Cheirde). Trí sholáthraí seachtrach, cuireann an PIAB Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) ar fáil.

Acmhainn ghairmiúil rúnda is ea an CCF a chuireann clár idirghabhála obairbhunaithe ar fáil a dhíríonn ar fhadhbanna oibre agus pearsanta araon a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmíocht fostaí a aithint agus/nó a réiteach.

Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta iniúchadh ar an PIAB i rith 2017 agus fuair sé rátáil sásúil. Tar éis an Iniúchta agus i gcomhairle leis an bhfoireann ar fad, rinne Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta an PIAB athbhreithniú ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta atá againn. Is gá go mbíonn gach fostaí ar an eolas agus go gcomhaontaíonn siad lena n-oibleagáidí faoin ráiteas.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Comhlacht Stáit neamhthráchtála is ea an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (an PIAB). Leagtar amach a bhfeidhmeanna agus a n-oibleagáidí sna hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus 2007. Ceaptar an Bord ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus tá Cathaoirleach, 9 ngnáthchomhalta (neamhfheidhmiúcháin) agus an Príomh-Fheidhmeannach ann. Tá an Bord freagrach as beartais an PIAB a fhoirmliú agus as dualgais mhuiníneacha eile an PIAB a chomhlíonadh. Tá sé freagrach le chéile as gníomhaíochtaí na heagraíochta a threorú agus a stiúradh. Cé go bhféadann an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean don bhainistíocht, ní shaorann cumhacht an tarmligin an Bord ón dualgas atá orthu comhlíonadh na feidhme tarmligthe a mhaoirsiú.

Comhlíonann an Bord eochairfheidhmeanna mar a leagtar amach thíos, lena n-áirítear ceannaireacht agus stiúradh na heagraíochta a chur ar fáil laistigh de chreatlach rialúcháin stuama éifeachtúla a ligeann do mheasúnú agus bainistiú riosca.

## Conas a oibríonn an Bord – Ról an Bhoird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta. Mar a éilítear, freastalaíonn an fhoireann Fheidhmeannach agus eile m.sh. saineolaithe éagsúla srl., ar chruinnithe an Bhoird d'fhonn cúrsaí ábhartha a phlé. I rith 2017 bhuail an Bord le chéile faoi dhó gan Baill Fheidhmeannacha a bheith ann chun cúrsaí ar measadh gur ábhartha iad a phlé.

Féadann an Bord roinnt dá chumhachtaí a tharmligean is cuí leis chuig Coiste Boird nó chuig an gCathaoirleach nó chuig an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, faoi réir aon reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh, go háirithe na hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus 2007. Tá an bhainistíocht feidhmiúcháin freagrach as reáchtáil laethúil na heagraíochta, lena n-áirítear éilimh a láimhseáil agus measúnaithe a ullmhú agus a dhéanamh. Tá sceideal foirmiúil ábhar atá forchoimeádta go sainiúil dó le haghaidh cinnidh ag an mBord. Áiritear orthu sin:

- Ag cinntiú go n-oibríonn an Bord laistigh de theorannacha a údaráis reachtúil agus/nó aon údarás tarmligthe a chomhaontaítear leis an Aire;
- Príomhfheidhmeanna an Bhoird mar a leagtar amach sna hAchtanna PIAB a chomhlíonadh;
- Feidhmeanna reachtúla eile an Bhoird a chomhlíonadh;
- Ag cinntiú go gcloítear le hardchaighdeáin an rialachais chorparáidigh i gcónaí;
- Ag cinntiú go gcothaítear córas maith rialuithe inmheánacha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla, comhlíonta, straitéiseacha agus cáile, agus próisis agus beartais bhainistíochta riosca;
- Éifeachtúlacht phróisis agus chórais bhainistíochta riosca an Bhoird a mhonatóiriú chun sainaithint, monatóiriú agus rialú éifeachtach rioscaí a chinntiú;
- Measúnú bliantúil a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca;
- Nósanna imeachta ceannaigh an Bhoird a chomhaontú, lena n-áirítear na leibhéil tarmligthe údaráis;
- Mórcheannacháin/conarthaí a fhaomhadh;
- Aon athrú suntasach ar bheartais nó cleachtais chuntasaíochta a fhaomhadh;
- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais a fhaomhadh;
- An Buiséad Bliantúil a fhaomhadh agus a mhonatóiriú;
- An Plean um Iniúchóireacht Straitéiseach a fhaomhadh;
- An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh, a íoc agus a f(h)eidhmíocht a mheas faoi réir aon cheadú Aire a éilítear;
- Plean Straitéiseach an Bhoird le cur faoi bhráid an Aire a fhaomhadh;
- Tarmligean freagrachtaí don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a fhaomhadh;
- Maoirsiú a dhéanamh ar chomhlíonadh ghnó laethúil an Bhoird ag an mbainistíocht feidhmiúcháin;
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht féin;
- Cathaoirleach agus Comhaltaí Choistí an Bhoird a cheapadh agus téarmaí tagartha na gcoistí sin a fhaomhadh/athbhreithniú; agus
- Cód Iompair Ghnó do Chomhaltaí an Bhoird a fhaomhadh.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Freagrachtaí Boird

Ceanglaítear le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 go n-ullmhóidh an Bord ráitis airgeadais i bhformáid agus ar bhealach arna sainiú ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ceanglaítear ar an mBord na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Bord i mbun feidhme.
- Luaigh ar lean caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. Anuas air sin, tá an Bord freagrach as na sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cheap an Bord go dtugann ráitis airgeadais an PIAB léargas fíor cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an PIAB go dtí 31 Nollaig 2017.

I rith na bliana, d'fhaomh an Bord buiséad Bliantúil agus rinne sé an fheidhmíocht a mheas ar bhonn leanúnach in aghaidh buiséid – baineadh é sin amach trí nuashonruithe rialta buiséid arna soláthar ag an gCoiste Feidhmiúcháin chun go mbreithneoidh an Bord iad ag a chuid cruinnithe rialta.

Mar a imlínítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais atá mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil seo, rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha san eagraíocht i rith na bliana. Chuaigh obair an iniúchóra inmheánaigh i bhfeidhm ar an athbhreithniú sin, mar aon le hobair an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus obair choiste Feidhmiúcháin na heagraíochta atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais. Shocraigh an Bord go raibh sé sásta le héifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san eagraíocht.

I rith na bliana, rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear sainmhíniú ar an riosca agus na bearta nó straitéisí gaolmhara chun na rioscaí sin a rialú agus a mhaolú. Shocraigh an Bord go raibh siad sásta leis an gcreatlach bainistíochta riosca agus na próisis ghaolmhara atá i bhfeidhm.

I rith na bliana, chuireamar nósanna imeachta Bainistíochta Riosca i bhfeidhm mar a imlínítear inár gCreatlach Bainistíochta Riosca. Tá an chreatlach chuimsitheach sin comhtháite go hiomlán lenár gClár Dearbhaithe Cáilíochta agus lenár timthriall Pleanála Gnó.

I rith na bliana, rinne an Bord féinmheasúnú dá fheidhmíocht féin. Bhí torthaí an athbhreithnithe sin dearfach ar an iomlán, le soiléiriú á lorg maidir le roinnt bheag réimsí.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Liosta Iomlán Chomhaltaí an Bhoird

| Ainm | Suíomh | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin | 8 as 8 |
| John Lynch | Leas-Chathaoirleach agus Sainchomhairleoir Gnó | 7 as 8 |
| Conor O'Brien | Príomhfheidhmeannach | 8 as 8 |
| Walter Cullen | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 7 as 8 |
| Dermot Gorman | Ainmní Árachas Éireann | 8 as 8 |
| Martin Naughton | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 6 as 8 |
| Karen O'Leary | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 2 as 2 |
| Fionnuala O'Loughlin | Síciatraí Comhairleach | 5 as 8 |
| Breda Power | An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta | 6 as 8 |
| Margot Slattery | Ainmní Chónaidhm Gnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) | 5 as 8 |
| Tim O'Hanrahan | Ainmní Bhanc Ceannais na hÉireann | 6 as 8 |
| Colette Crowne | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 5 as 6 |
| *Stephen Watkins* | *Rúnaí an Bhoird* | |

Ní raibh Karen O'Leary ina comhalta a thuilleadh ón 21 Aibreán 2017 agus ceapadh Colette Crowne an 22 Aibreán 2017.

## Comhaltas Coiste i rith na bliana

| An Coiste Iniúchta agus Riosca |
|---|
| John Lynch (Cathaoirleach) |
| Walter Cullen |
| Dermot Gorman |
| Breda Power |
| Tim O'Hanrahan |

Mar aon le cruinnithe an Bhoird iomláin, bhí cúig chruinniú de Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird i rith 2017.

## An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Is comhalta den Bhord é Conor O'Brien, an Príomhfheidhmeannach. Tá sé i gceanna s ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin freisin lena n-áirítear:

- Maurice Priestley – Stiúrthóir Oibríochtaí
- Helen Moran – Stiúrthóir Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Stephen Watkins – Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais

Tá an Príomh-Fheidhmeannach freagrach as bainistíocht laethúil oibríochtaí an PIAB arna thacú ag stiúrthóirí, bainisteoirí, measúnóirí agus foireann tacaíochta.

## Táillí Boird

Leagtar amach sonraí na dtáillí a íoctar do Chomhaltaí Boird sna Ráitis Airgeadais. Mar an gcéanna le blianta roimhe, níor íocadh aon chostais do Chomhaltaí Boird.

# Ráiteas

## Nochtuithe a cheanglaítear ag an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe (tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 3 de Ráitis Airgeadais na Tuarascála Bliantúla seo).
- Costais Sainchomhairleoireachta (tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 de Ráitis Airgeadais na Tuarascála Bliantúla seo).
- Baineann costais dlí le comhairlí agus costais ghinearálta dlí agus tá siad san áireamh i Nóta 5.
- Caiteachais Taistil agus Chothaithe (tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 de Ráitis Airgeadais na Tuarascála Bliantúla seo).
- Caiteachas Fáilteachais (tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 de Ráitis Airgeadais na Tuarascála Bliantúla seo).

## Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí an PIAB i gcomhlíonadh iomlán an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2017.

## Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena sainaithnítear eochair-rioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin. Tugadh na tuarascálacha sin os comhair an Choiste Iniúchta agus Riosca agus níor sainaithníodh aon saincheist shuntasach.

Tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha ag an PIAB chun forfheidhmiú na creatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú. Déanann an PIAB athbhreithniú ar thuairisciú na bainistíochta ar riosca ag gach cruinniú Boird.

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tapa.

Áirítear ar mhonatóiriú leanúnach eolas ó na trí líne chosanta mar a leanas:

- **An chéad líne chosanta** – eolas a thagann ó réimsí oibríochtúla gnó a fhéadtar a úsáid chun cinnteacht a fháil maidir leis an gcaoi a mbainistítear rioscaí. Áirítear air sin cláir riosca, tuairiscí ar ghnáthrialuithe córais, sonraí feidhmíochta agus eolas bainistíochta eile.
- **An dara líne chosanta** – obair a bhaineann le gníomhaíocht bainistíochta a mhaoirsiú. Áirítear air sin measúnuithe nó athbhreithnithe comhlíonta nó chun fáil amach an bhfuil socruithe cáilíochta á gcomhlíonadh ar aon dul lena rabhthas ag súil leis do réimsí sainiúla riosca ar fud na heagraíochta m.sh. soláthar.
- **An tríú líne chosanta** – cinnteacht neamhspleách oibiachtúil. Díríonn sé sin ar ról an iniúchta inmheánaigh a dhéanann clár oibre atá deartha go sainiúil chun tuairim neamhspleách oibiachtúil a thabhairt ar an gcreatlach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe.

## Iniúchadh Inmheánach

Eochairghné is ea an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh maidir leis an mBord rialacháin a chur ar an eolas maidir le héifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascálacha Iniúchóra Inmheánaigh in 2017 a chlúdaigh raon leathan réimsí: Airgeadais, Oibriúcháin agus Eagraíochtúil. Tugadh na tuarascálacha sin os comhair an Choiste Iniúchta agus níor sainaithníodh aon saincheist shuntasach.

## Rialachas Corparáideach – Comhlíonadh

Oibríonn an PIAB i gcomhréir le forálacha a Achta 2003, arna leasú in 2007. Oibríonn an PIAB faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

# Ráiteas

Mar aon le téarmaí na reachtaíochta lena rialaítear muid, ceanglaítear orainn réimse leathan ceanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile a chomhlíonadh. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn chun na ceanglais shonracha a leanas a chomhlíonadh:

## Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód nua a tugadh isteach i Lúnasa 2016 agus a glacadh go foirmiúil leis ag an mBord. Gach bliain, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go bhfuil an PIAB ag comhlíonadh an Chóid. Mar chuid de cheanglais an Chóid, forbraíodh Comhaontú Seirbhíse comhaontaithe lenár máthair-Roinn.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Titeann an PIAB faoi scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Dá réir sin, nuair is gá, tá ráitis leasa maidir le forálacha an Achta a chomhlíonadh comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus ag an bhfoireann a bhfuil poist ainmnithe acu. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm i gcomhair nochtadh leanúnach leasanna na gComhaltaí Boird. Is ceist í sin a chuirtear ag tús gach cruinniú Boird. Tá an fhoireann ag leibhéal na bainistíochta faoi réir na reachtaíochta sin freisin.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chuir an PIAB nósanna imeachta i bhfeidhm chun forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá ráiteas sábháilteachta glactha againn a chuimsíonn gach gné de leas foirne.

## Comhionannas Fostaíochta

Tá an PIAB tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna, agus glacann sé cur chuige réamhghníomhach i leith an chomhionannais. Cuireann an PIAB grúpaí a thacaíonn le fostú daoine faoi mhíchumas ar an eolas faoi fholúntais a thagann aníos ar an mBord. In 2017, athchóiríodh oifigí an PIAB agus tá siad fós lán-inrochtana. Tá beartas gníomhach leas-bhunaithe Bainistithe Tinrimh (saoire bhreoiteachta) ag an PIAB. Maoiníonn an PIAB Clár Cúnaimh d'Fhostaithe do gach fostaí a chuireann comhairleoireacht 24/7 duine ar dhuine ar fáil. Is é aidhm an Bhoird ionad oibre a bhunú ina mothaíonn an fhoireann go bhfuil tacaíocht acu agus go bhfuil meas cothrom orthu, a thacaíonn le cultúr an PIAB a léiríonn go bhféachtar ar gach comhghleacaí mar oibrí inniúil agus go bhfuil meas dáiríre orthu san fhórsa oibre. Oibríonn an Bord roinnt scéimeanna oibre aclaí a thugann roghanna don fhoireann maidir lena riachtanais ghairme agus phearsanta, ar nós fleisc-am, comhroinnt post, bliain oibre níos giorra agus sosanna gairme mar aon le gach saoire reachtúil.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é an PIAB faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Oibrímid de réir Bheartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Dá bharr sin, táimid ar thús cadhnaíochta maidir le nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm agus, mar sin, ag cosaint ceart bunúsach an duine chun príobháideachta agus smacht a choinneáil ar an gcaoi a bhféadfadh eolas pearsanta a bheith ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Chuireamar tús le clár ullmhachta i rith 2017 roimh fhorfheidhmiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

## An Reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise

Tugadh an PIAB faoi théarmaí tagartha na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise (SF) i rith 2015. Tá roinnt iarrataí faighte ag an eagraíocht ó shin, cinn a bhaineann le cás agus cinn atá níos ginearálta.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann an PIAB faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creatlach reachtúil ar fáil i gcomhair seachadadh seirbhísí as Gaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo as Gaeilge agus as Béarla ag an am céanna.

# Ráiteas

## Nochtuithe Cosanta

Tá Beartas Nochtuithe Cosanta ag PIAB a chuireann creatlach ar fáil ina bhféadann an fhoireann imní a bhaineann le héagóracha ionchasacha a bhfuair siad amach fúthu agus iad ag obair san eagraíocht a chur in iúl, agus fios acu go mbeidh siad in ann cosaintí fostaíochta suntasacha a fháil. Tugadh isteach é i rith 2016 agus athbhreithníodh agus comhaontaíodh é ag Comh-Choiste Sainchomhairleoireachta an PIAB ina bhfuil ionadaithe fostaithe agus bainistíochta. Dáileadh an beartas ar an bhfoireann go léir agus foilsíodh é ar an suíomh inlín ar an 7 Meán Fómhair 2016. I rith 2017, ní dhearnadh aon nochtadh cosanta.

## Soláthar

Is é an córas tairiscintí iomaíocha an gnáth-nós imeachta a úsáideann an PIAB sa phróiseas soláthair. Tugadh aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar na luachanna tairsí le haghaidh na rialacha soláthair a chur i bhfeidhm. Deimhníonn an PIAB comhlíonadh na nósanna imeachta soláthair maidir le tairiscintí iomaíocha, ach amháin an soláthar neamhchomhlíontach a imlínítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Áirítear ar an gcomhlíonadh cloí le treoirlínte náisiúnta ón Oifig um Sholáthar Rialtais agus na Treoracha AE ábhartha araon, a bhfuil feidhm dlí acu i ngach Ballstát. Déanaimid athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar ár mbeartais agus nósanna imeachta soláthair agus cuirimid oiliúint ar fáil freisin don phearsanra ábhartha sa réimse tábhachtach teicniúil seo.

## Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn an PIAB go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go bhfuiltear i gcomhlíonadh ar gach bealach ábhartha le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (IR.580 de 2012), lena bhforáiltear go mbeidh an t-ús pionósach iníoctha mura n-íoctar íocaíochtaí ar idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sainítear a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is é an beartas atá againn ná cinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus a íoc go tapa roimh an dáta dlite ar mhaithe le cuspóirí úis agus táillí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnta a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

Tá an PIAB tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi chinneadh 15 lá an Rialtais, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011, agus a méadaíodh ag S29296 an 28 Márta 2017 a chuir an cinneadh ar bhonn foirmiúil. Cinntítear leis an bhforáil go ndéanfar íocaíocht ar gach sonrasc bailí chuig soláthraithe laistigh de 15 lá féilire agus go bhfoilseoimid ar ár suíomh gréasáin líon agus luach iomlán na n-íocaíochtaí a dhéantar go ráithiúil agus leibhéil an úis dhéanach íocaíochta agus na gcostas cúitimh a íocadh. Sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2017, bhí 72% íocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá agus 99.1% laistigh de 30 lá.

## Cánachas

Deimhníonn an PIAB comhlíonadh na ndlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn go bhfuil an PIAB ar fheabhas ó thaobh comhlíonta de lena oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar gach dliteanas cánach ar nó roimh na dátaí dlite ábhartha.

## Pleanáil Straitéiseach

Oibríonn an PIAB faoi réir a Phlean Straitéisigh don tréimhse 2014-2019. Leagtar amach leis an bplean sin na heochairchuspóirí straitéiseacha atá againn le haghaidh na mblianta amach romhainn agus na heochairghníomhartha atá le déanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ar leibhéal oibríochtúil, tá cuspóirí foirne agus pleananna bliantúla gnó fós ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha an PIAB.

| Íocaíochtaí Prasa | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Líon Iomlán na Sonrasc a íocadh | 25,887 | 26,055 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí | €19,001,112 | €17,285,116 |
| Líon Iomlán na Sonrasc a íocadh tar éis 30 lá | 246 | 109 |
| Ús Iomlán Íocaíochta Prais | €4,207 | €2,666 |

# Na Ráitis Airgeadais

## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017

## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 33 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 34 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 36 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 38 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 39 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 40 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 41 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 42 |

## Faisnéis Ghinearálta

| | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly (Cathaoirleach)<br>Conor O'Brien (POF)<br>Walter Cullen<br>Dermot Gorman<br>John Lynch<br>Martin Naughton<br>Tim O'Hanrahan<br>Karen O'Leary<br>Colette Crowne<br>Fionnuala O'Loughlin<br>Breda Power<br>Margot Slattery | <br><br><br><br><br><br>Thosaigh ar an 1 Eanáir 2017<br>Tháinig deireadh le comhaltas ar an 21 Aibreán 2017<br>Thosaigh ar an 22 Aibreán 2017 |
| | | |
| **An oifig** | Grain House<br>Halla an Mhalartáin<br>Cearnóg Belgard Thuaidh<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 | |
| | | |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3 Sráid an Mhéara Uachtarach<br>An Port Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1 | |
| | | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>4-6 Priorsgate<br>An Phríomhshráid<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 | |
| | | |
| **Aturnaetha** | Arthur Cox agus a Chuid.<br>10 Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| | | |
| **Suíomh Gréasáin** | www.injuriesboard.ie | |

# Na Ráitis Airgeadais
don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Ar son an PIAB (an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta), tugaim aird ar fhreagracht an Bhoird a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Téann an fhreagracht sin i ngleic le ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

### Feidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta, seachas é a dhíothú. Ní féidir ráthaíocht absalóideach ach réasúnta a sholáthar leis an gcóras, mar sin, go gcumhdaítear sócmhainn, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar go cuí idirbhearta agus go gcoisctear earráidí nithiúla nó neamhrialtachtaí nó go gcoiscfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa PIAB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais seachas na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh a imlínítear thíos.

### Cumas chun Riosca a Láimhseáil

San áireamh ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca (CIR), atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, tá daoine a bhfuil taithí dhéanaí ábhartha acu, lena n-áirítear inniúlacht i gcuntasaíocht, in iniúchadh agus i mbainistíocht riosca. Bhuail an CIR le chéile cúig uaire in 2017.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an PIAB freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre a chomhaontaítear leis an CIR. Oibríonn an fheidhm Iniúchta inmheánaigh de réir Chairt faofa Iniúchta Inmheánaigh, atá comhsheasmhach leis na forálacha a leagtar amach sa Chód. Socraíodh ar phlean oibre iniúchta inmheánaigh trí bliana i gcomhar leis an CIR. Déantar athbhreithniú ar an bplean sin gach bliain agus nuashonraítear é mar is gá agus nuair is gá. Leis an bplean oibre reatha iniúchta inmheánaigh cuirtear réimsí riosca ionchasaigh atá sainaitheanta ag an eagraíocht san áireamh, le haird ar a cuspóirí straitéiseacha agus a creatlach bainistíochta riosca. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca ar thascanna a rinneadh. Leagann na tuarascálacha sin béim ar easpaí nó laigí, más ann dóibh, atá sa chóras rialaithe inmheánaigh agus na bearta ceartaitheacha a mholtar a dhéanamh más gá.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR ina leagtar amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí na ról agus na bhfreagrachtaí atá ag an bhfoireann maidir le riosca. Tá an beartas agus an t-ábhar ann curtha ar shúile gach ball foirne atá beartaithe le hobair laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an PIAB, chun an bhainistíocht a chur ar a n-airdeall faoi laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena sainaithnítear eochair-rioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na heochair-rioscaí atá faoin PIAB agus sainaithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus tugadh grádú dóibh de réir an suntais a bhaineann leo. Athbhreithnítear agus nuashonraítear an clár ag an CIR ar bhonn bliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar eolas faoi na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá sainithe d'aonaid/do bhainisteoirí gnó sainiúla sa chlár riosca.

Deimhnímse go bhfuil comhshaol rialaithe ann ina bhfaightear na gnéithe seo a leanas:

- tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha chun forfheidhmiú na creatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú,
- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta le haghaidh gach eochairphróiseas gnó,
- tá córas cuí buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord comhaontú agus athbhreithniú air
- coinnítear an buiséad bliantúil faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht agus ag an mBord
- tá córas tuairiscithe cuimsitheach míosúil ann lena n-áirítear tuairisciú airgeadais agus oibríochtúil, agus coinnítear faoi athbhreithniú é ag an ardbhainistíocht
- tá freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

- athbhreithnithe rialta iniúchta inmheánaigh ar rialuithe agus nósanna imeachta airgeadais, oibríochtúla agus comhlíonta.
- tá córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach:

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tapa.

Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- Tá eochair-rioscaí agus na rialuithe lena mbaineann sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun oibriú na n-eochair-rialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- tá athbhreithnithe rialta ag an ardbhainistíocht ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/tuartha.
- athbhreithniú ar thuairisciú na bainistíochta ar riosca ag gach cruinniú Boird;
- tá plean iniúchta inmheánaigh trí bliana comhaontaithe. Athbhreithnítear agus comhaontaítear an plean iniúchta gach bliain. Cuireann an clár iniúchta inmheánaigh tuairim neamhspleách oibiachtúil ar fáil den timpeallacht rialaithe.

### Soláthar

Deimhním go bhfuil beartais agus nósanna imeachta mionsonraithe i bhfeidhm ag an PIAB chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Chun dea-chleachtas sa réimse seo a chinntiú, cuirtear oiliúint ar fáil don eochairfhoireann agus don bhainistíocht ar bhonn rialta. Tá Plean Soláthair Chorparáidigh trí bliana (2016-2018) agus pleananna Soláthair Bliantúil i bhfeidhm ag an PIAB. I rith na bliana, tabhaíodh caiteachas €12,715,518 ar earraí agus ar sheirbhísí.

Aibhsítear nithe a thagann aníos maidir le rialuithe ar sholáthar faoi na saincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

#### Soláthar Neamhchomhlíontach

I rith 2017, tabhaíodh caiteachas €33,825 maidir le conradh seirbhíse inar theip ar na nósanna imeachta a úsáideadh treoirlínte soláthair a chomhlíonadh. Tharla sin mar thoradh ar thar-rolla conarthaí reatha ar feitheamh tionscadal suntasach Teicneolaíochta Faisnéise (TF) a chríochnú a bhraith ar an tseirbhís sin. Críochnaíodh an tionscadal TF sin sa chuid dheireanach de 2017 agus ina dhiaidh sin, eisíodh comórtas tairiscintí nua don tseirbhís sin i Nollaig 2017.

I rith 2017, tabhaíodh caiteachas €120,000 maidir le conradh seirbhíse inar theip ar na nósanna imeachta a úsáideadh treoirlínte soláthair a chomhlíonadh. Tharla sin mar thoradh ar thar-rolla an chonartha reatha ar feitheamh tairiscint nua a chur i gcrích. Eisíodh an comórtas tairisceana nua i Nollaig 2017.

I rith 2017, tabhaíodh caiteachas €42,000 maidir le conradh seirbhíse inar theip ar na nósanna imeachta a úsáideadh treoirlínte soláthair a chomhlíonadh. Tharla sin mar thoradh ar thar-rolla na gconarthaí reatha ar feitheamh tairiscint nua a chur i gcrích. Críochnaíodh na comórtais tairisceana nua in Iúil 2017.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm sa PIAB chun éifeachtúlacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh de chuid an PIAB ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus ar ardbhainistíocht an PIAB atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain 2017, i Nollaig 2017.

Sínithe thar ceann an Bhoird;



**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

24 Bealtaine 2018

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

# Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais
# An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

## Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus le cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir le staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreafaí airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre de na beartais shuntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cóir insna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta amhail ag 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2017 de reir Caighdeáin Tuarascála Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuarascála Airgeadais a bhfuil feidhm aige sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

## An bunús leis an tuairim

Chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (ISA) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Institiúidí Uachtaracha Iniúchóireachta. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tá mo dhualgais eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

## Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais agus nithe eile

Tá eolas áirithe curtha i láthair ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta i dteannta leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialála san áireamh, agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas faoi rialáil inmheánach. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm maidir le heolas dá leithéid, agus maidir le nithe eile a dhéanaim a thuairisciú mar eisceachtaí, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.

**Patricia Sheehan**
*I gcomhair agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

11 Meitheamh 2018

## Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird sa ráiteas rialála agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird. Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais sa bhfoirm atá forordaithe le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003
- a chinntiú go dtugann na ráiteas airgeadais amharc fíor agus féaráilte de réir FRS102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid, agus
- pé rialáil inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun a chur i gcumas ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is éard is aidhm agam agus mé ag cur an iniúchta i gcrích ná cinnteacht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Ardleibhéal cinnteachta is ea cinnteacht réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a cuireadh i gcrích de réir ISA i gcónaí in ann míráiteas ábhartha a bhrath áit gur ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir an ISA, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním le sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí go ndéanfaí míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur ar fáil le mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míráiteas ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide ar an ábhar go bhféadann claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó sárú na rialála inmheanaí bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar an rialáil inmheánach atá bainteach leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí insna tosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh.
- Measúnaím oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí gaolmhara.
- Tagaim chun conclúide maidir leis an gceist an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le tarluithe nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá barr faoi chumas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Más rud é go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara insna ráitis airgeadais nó, mura mbíonn na nochtaí sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta an iniúchta agam. Is féidir, áfach, go mbeadh tarluithe nó dálaí amach anseo ina gcúis le go n-éireodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta as oibriú mar ghnóthas leantach.
- Measúnaím cur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, na nochtaí san áireamh, agus cé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na tarluithe bunúsacha i mbealach ina mbaintear léiriú féaráilte amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil freagracht rialála orthu maidir, i measc nithe eile, le scóip bheartaithe agus uainiú an iniúchta agus cinntí suntasacha an iniúchta, ar a n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialáil inmheánach a shainaithním i gcaitheamh an iniúchta agam.

### Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an t-eolas eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon chonclúid cinnteachta maidir leis.

Maidir leis an iniúchadh agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoin ISA an t-eolas eile arna chur i láthair a léamh agus, ag déanamh amhlaidh dom, a mheas cé acu an bhfuil an t-eolas eile comhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an bhfuil an chuma air i mbealach eile go bhfuil sé míráite go hábhartha. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar an eolas eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Cuireadh m'iniúchadh i gcrích trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Déanaim tuairisc más amhlaidh go bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh m'iniúchta. Déanaim tuairisc má bhíonn aon chás ábhartha ann inar cuireadh airgead chun feidhme chun críocha ar bith seachas na críocha beartaithe nó sa chás nár géilleadh leis na hidirbhearta do na húdaráis arna rialáil.

Tuairiscím de réir eisceachta chomh maith más amhlaidh, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an t-eolas nó na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun cur ar chumas iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais comhréireach leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

## don Bhliain Airgeadais Dar Críoch an 31 Nollaig 2017

| | NÓTAÍ | 2017 | Athshonraithe 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | 2 (a) | **11,652,039** | 12,644,630 |
| Ioncam File | 2 (b) | **34,784** | 30,588 |
| **Ioncam Iomlán** | | **11,686,823** | 12,675,218 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | 3 | **6,113,213** | 5,835,233 |
| Costais Phróiseála Éilimh | 4 | **2,489,062** | 2,593,253 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 3 | **80,370** | 80,370 |
| Costais Chóiríochta agus Tógála | 5 | **419,413** | 513,025 |
| Costais Earcaíochta, Oiliúna agus Oideachais | 5 | **64,049** | 39,635 |
| Costais Faisnéise, Taighde agus Cumarsáide | 5 | **218,968** | 298,412 |
| Costais Dlí agus Táillí Gairmiúla | 5 | **299,074** | 422,786 |
| Costais Athbhreithnithe Breithiúnaigh | 5 | **91,699** | 150,000 |
| Costais TF | 5 | **522,337** | 460,963 |
| Costais Teileachumarsáide | | **83,327** | 98,230 |
| Costais Riaracháin Ghinearálta | 5 | **647,747** | 602,663 |
| Dímheas | | **220,337** | 120,865 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **11,249,596** | 11,215,435 |
| | | | |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **437,227** | 1,459,783 |
| | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | | **17,012,681** | 15,552,898 |
| **IARMHÉID AMHAIL DEIREADH NA BLIANA** | | **17,449,908** | 17,012,681 |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas uile don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe.

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.


Thar ceann an Bhoird



**John Lynch**
*Comhalta Boird*

**24 Bealtaine 2018**

Thar ceann an Bhoird



**Martin Naughton**
*Comhalta Boird*

**24 Bealtaine 2018**

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2017

| | NÓTAÍ | 2017 | Athshonraithe 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Barrachas don bhliain | | **437,227** | 1,459,783 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 13 | **348,000** | 117,000 |
| Athrú ar fhoshuíomhanna atá mar bhonn ag an luach Reatha d'oibleagáidí sochair scoir | 13 | **0** | (4,516,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir Iarchurtha | | **(348,000)** | 4,399,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach don bhliain** | | **437,227** | 1,459,783 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.


Thar ceann an Bhoird



**John Lynch**
*Comhalta Boird*

**24 Bealtaine 2018**

Thar ceann an Bhoird



**Martin Naughton**
*Comhalta Boird*

**24 Bealtaine 2018**

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais
## amhail an 31 Nollaig 2017

| | NÓTAÍ | 2017 € | 2017 € | Athshonraithe 2016 € | Athshonraithe 2016 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Acmhainní Neamh-Reatha** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta | 6 | | **1,308,079** | | 297,609 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 7(a) | **1,946,249** | | 2,105,775 | |
| Airgead ag Coibhéis Airgid | 7(b) | **18,573,179** | | 19,622,809 | |
| **Iomlán Sócmhainní Reatha** | | **20,519,428** | | 21,728,584 | |
| **Dliteanais Reatha: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 8 | **3,622,598** | | 4,248,604 | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | **16,896,830** | | 17,479,980 |
| **Creidiúnaithe: méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | | | |
| Soláthar le haghaidh dliteanas agus táillí | 10 | | **755,001** | | 764,908 |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | 13 | | **(28,854,000)** | | (27,317,000) |
| Sócmhainn Mhaoiniúcháin Sochair Scoir Iarchurtha | 13 | | **28,854,000** | | 27,317,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | **17,449,908** | | 17,012,681 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | | | |
| Chaillteanais Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | | **17,449,908** | | 17,012,681 |
| **Iomlán arna Mhaoiniú ag:** | | | **17,449,908** | | 17,012,681 |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.


Thar ceann an Bhoird



**John Lynch**
*Comhalta Boird*

**24 Bealtaine 2018**

Thar ceann an Bhoird



**Martin Naughton**
*Comhalta Boird*

**24 Bealtaine 2018**

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid
## don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2017

| | NÓTAÍ | 2017 | Athshonraithe 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don Bhliain Airgeadais | | **437,227** | 1,459,783 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas | | **220,337** | 120,865 |
| Ús faighte | | **(9,338)** | (26,562) |
| Laghdú ar Infháltais | | **159,526** | 197,506 |
| (Laghdú)/Méadú ar Nithe Iníoctha | | **(626,006)** | 434,795 |
| (Laghdú)/Méadú ar Sholáthar le haghaidh Dliteanais | | **(9,907)** | 36,701 |
| **Airgead ó ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **171,839** | **2,223,088** |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **(1,230,807)** | (93,697) |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(1,230,807)** | **(93,697)** |
| | | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Ús Faighte | | **9,338** | 26,562 |
| **Glan-in-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | **9,338** | **26,562** |
| | | | |
| **(Laghdú)/Méadú Glan ar Airgead agus ar a Choibhéis** | | **(1,049,630)** | **2,155,953** |
| | | | |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid an 1 Eanáir | | **19,622,809** | **17,466,856** |
| | | | |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig** | | **18,573,179** | **19,622,809** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2017

## 1 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta a ghlac an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (an PIAB) faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, le hardoifig ag Grain House, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Tá príomhfheidhmeanna an PIAB leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 - an méid cúitimh atá i dteideal le héilimh díobhála pearsanta a mheas go cothrom agus go cruinn laistigh de shainchúram an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhealach tapa.

Aonán Sochair Phoiblí is ea an PIAB.

### Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i gcomhréir leis an gcaighdeán um thuairisciú airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (FRS 102) a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### Bonn an Réitigh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, coinbhinsiún an chostais stairiúil, i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta ar glacadh leis go ginearálta agus tá siad san fhormáid a comhaontaíodh leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina ainmnítear na ráitis airgeadais.

### Ioncam

#### Táillí éilitheora:

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid ach iarratas chun éileamh a chlárú leis an PIAB a fháil.

#### Táillí freagróra:

Aithnítear táillí freagróra le toiliú do phróiseas an PIAB sa bhliain ina dtuilltear an tsaincheist agus ina soláthraítear an tseirbhís.

In 2017, rinne an PIAB athbhreithniú ar a bheartas ioncaim. Tar éis an athbhreithnithe sin, agus ar aon dul le cuid FRS102, seirbhísí a sholáthar, aithnítear ioncam ó tháillí Freagróra a mhéid gur dóchúil go sreabhfaidh leasanna eacnamaíocha chuig an PIAB agus go bhféadtar an t-ioncam a thomhas go cruinn. Comhlíontar na critéir a leanas sula n-aithnítear ioncam:

#### Seirbhísí a sholáthar:

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse inar soláthraíodh na seirbhísí i gcomhréir le céim chríochnaithe an chonartha.

Aithnítear ioncam ó tháille freagróra sa tréimhse ina thuilltear an t-ioncam agus ina soláthraítear an tseirbhís, bunaithe ar an modh céime críochnaithe le haghaidh seirbhísí a chur ar fáil.

Déileáiltear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

## 1 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Costais Réamhíoctha

Tabhaíonn an Bord costais sula bhfaightear toiliú agus déanann sé meastachán ag deireadh na bliana faoi chéatadán na gcásanna sin a mbeidh toiliú mar thoradh orthu agus déileálann sé leis na costais sin mar réamhíocaíochtaí.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag an gcostas nó luacháil lúide dímheas carntha. Léirítear dímheas ar bhonn líne dhíreach ar rátaí a mheastar a laghdaíonn na sócmhainní anuas chuig a luach inréadaithe faoi dheireadh a saolréanna ionchasacha úsáideacha mar a leanas:

| Feabhsúcháin Léasachta | **Blianta fágtha ar an léas** | Méid Cothrom |
|---|---|---|
| Crua-earraí/Bogearraí TF | **25.00%** | Méid Cothrom |
| Trealamh oifige | **20.00%** | Méid Cothrom |
| Daingneáin agus Feistis | **12.50%** | Méid Cothrom |
| Troscán Oifige | **12.50%** | Méid Cothrom |

### Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Corparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Ní bhaineann an díolúine sin le hús taisce. I gcás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid infhaighte do shochar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

### Léas Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i gcaitheamh shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

### Infháltais

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar foráil shonrach d'aon mhéid a bhfuil amhras ann faoina bhailiúcháin.

### Sochair d'Fhostaithe

#### Sochair Gearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san Fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Le hullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdiú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

## 1 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

### Bearnú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta i dtaobh lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim thugtha anonn inghnóthaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe don tsuim lena sáraítear suim inghnóthaithe shuim thugtha anonn na sócmhainne. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach is airde atá ar luach cóir sócmhainní lúide an costas a bheadh ar an tsócmhainn a dhíol agus luach na sócmhainne agus í á húsáid.

### Luachanna Dímheasa agus Iarmharacha

D'athbhreithnigh an Bord saolréanna na sócmhainní agus luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme de shócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna Crua-Earraí agus Bogearraí TF, agus baineadh an chonclúid amach go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

### Soláthair

Déanann an Bord forálacha le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, ar eol dó go bhfuil siad gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha sin bunaithe ar eolas stairiúil nó eolas ábhartha eile, agus coigeartaítear iad le haghaidh treochtaí deireanacha nuair is cuí. Is meastacháin iad ar chostais airgeadais nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta b'fhéidir, áfach. Mar thoradh air sin agus ar leibhéal na héiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, seans go mbeidh difríocht shuntasach idir táirgeacht iarbhír agus an méid a measadh.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí is bonn le luachanna iarmharacha lena gcinntear na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochtaí costais chúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain. Bunaítear é sin ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus i gcás aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna i ndiaidh scoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo

(iii) rátaí treochtaí costais chúraim sláinte, an ráta maidir le boilsciú costais mhíochaine sna réigiúin iomchuí.

### Sochair Scoir

#### An Cineál Scéime

Feidhmíonn an Bord scéim pinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. Faomhadh an scéim d'fhostaithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ag an Aire Airgeadais in 2008. Faomhadh an scéim Pinsean Ranníocaíoch do Bhaintreacha agus do Leanaí in 2009.

#### Tréithe na Scéime

Tá roinnt tréithe sonracha ag an scéim:

- Déanann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá gné fostaí agus gné fostóra sa ranníocaíocht. 25% de phá comhlán a bhí sa ranníocaíocht fostóra in 2017, 30% don fhoireann ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht, le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go n-íocfaidh an Státchiste costas na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

## 1 Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

Go bunúsach, measann an Bord go bhfuil an oibleagáid chun sochar scoir a íoc fós leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (an PIAB), ach tá gealltanas tugtha ag an Státchiste go leor cistí a chur ar fáil don PIAB chun aon oibleagáid dá leithéid a íoc ar son an PIAB nuair a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann an PIAB ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus na bhfostóirí ag na rátaí a shonraítear. Dá réir sin, aithníonn na ráitis airgeadais Oibleagáid Sochar Scoir agus Cistiú Iarchurtha Státchiste Sochar Scoir infhaighte.

Ina theannta sin, oibríonn an Bord an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), ar scéim í le sochar sainithe do sheirbhísigh inphinsin phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhalta na Scéime Pinsin Singil Seirbhíse Poiblí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Fiachaisí

Déantar meastachán ar dhliteanais na Scéime Eiseamláirí, arna léiriú ag luach ratha na n-íocaíochta todhchaíocha a thuillfidh foireann an PIAB, ar bhonn achtúireach trí mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid a úsáid. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe an PIAB sa tréimhse, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, a choimeádtar ag an Roinn. Meastar an méid le cur san áireamh sna ráitis airgeadais do mhéid na Sócmhainne Iarchurtha Státchiste Sochar Scoir ag méid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

### Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha Scéime

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann ó athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó bharrachais agus easaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach in iarmhéid na Sócmhainne Iarchurtha Státchiste Sochar Scoir.

Tá ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain san áireamh sna costais phinsin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## 2(a) Ioncam ó Tháillí

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam ó Tháillí Éilitheora | **1,469,023** | 1,510,166 |
| Ioncam ó Tháillí Freagróra | **10,096,558** | 11,096,902 |
| Ioncam Iarchurtha sa bhliain reatha | **(2,460,308)** | (2,546,766) |
| Ioncam Iarchurtha – An méid a scaoiltear le hioncam sa bhliain | **2,546,766** | 2,584,328 |
| | **11,652,039** | 12,644,630 |

### Ioncam ó Tháillí Éilitheora:

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltais airgid ach iarratas chun éileamh a chlárú leis an PIAB a fháil. Is é €45 táille reatha in aghaidh an iarratais de réir na Rialachán um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2011, I.R. Uimh. 41/2011.

### Ioncam ó Tháillí Freagróra:

Baineann ioncam ó tháillí freagróra leis an mBord ag déileáil leis an iarratas (mar a imlínítear san Acht PIAB). Aithnítear an t-ioncam ó tháillí freagróra nuair a thoilítear do phróiseas an PIAB sa bhliain ina thuilltear an t-ioncam nó ina sholáthraítear an tseirbhís. Is é €600 an táille reatha de réir na Rialachán um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2012 I.R. Uimh. 523/2012.

### Ioncam Iarchurtha

Déileáiltear le táillí freagróra a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

## 2(b) Ioncam Eile

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Ús Infhaighte | **9,338** | 26,562 |
| Fáltais ó éileamh árachais | **20,000** | 0 |
| Ioncam ilghnéitheach | **5,446** | 4,026 |
| | **34,784** | 30,588 |

## 3(i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail * | **4,559,324** | 4,327,719 |
| Ragobair | **4,319** | 1,815 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra | **1,124,283** | 1,091,628 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra | **415,404** | 399,784 |
| | **6,103,330** | 5,820,946 |
| Fabhrú Pá Saoire | **9,883** | 14,287 |
| | **6,113,213** | 5,835,233 |

* Áirítear íocaíocht fhoirceanta €30,000 i gcostais tuarastail 2016.

Baineadh €240,979 Asbhaint a Bhaineann le Pinsean agus íocadh é leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta in 2017, agus baineadh agus íocadh €231,768 in 2016.

### Líon Foirne

| | | |
|---|---|---|
| Meánfhoireann a fhostaíonn an Bord go díreach | **82.0** | 77.8 |
| Foireann coibhéise lánaimseartha mar a bhí i Nollaig 2017 | **77.5** | 76.7 |

### Luach Saothair Príomhfheidhmeannaigh

| | | |
|---|---|---|
| Conor O'Brien | **145,609** | 143,040 |
| Tuarastal | **145,609** | 143,040 |

Is ball é an Príomh-Fheidhmeannach Conor O'Brien den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (féach Nóta 13) agus tá a theidlíochtaí pinsin i gcomhréir le téarmaí na scéime. Ní áirítear luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse thuas.

# 3(i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

## Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad Stiúrthóir na nOibríochtaí, Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó, an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus an Stiúrthóir Airgeadais na príomhphearsanra bainistíochta ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta.

| | | |
|---|---|---|
| An tuarastal comhiomlán agus sochair ghearrthéarmacha | **421,321** | 410,057 |

Tá teidlíochtaí pinsin na bpríomhphearsanra bainistíochta i gcomhréir le téarmaí Shamhail na Seirbhísí Poiblí um Scéim Pinsin (féach Nóta 13). Ní áirítear luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse thuas.

## Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

## Raon Tuarastail

| | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|
| Ó – Go | **2017** | **2016** |
| 60,000-69,999 | **4** | 3 |
| 70,000-79,999 | **11** | 13 |
| 80,000-89,999 | **8** | 6 |
| 90,000-99,999 | **3** | 5 |
| 100,000-109,999 | **1** | 2 |
| 110,000-119,999 | **2** | 0 |
| 120,000-129,999 | **0** | 0 |
| 130,000-139,999 | **0** | 0 |
| 140,000-149,999 | **1** | 1 |
| | **30** | 30 |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, i measc sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh áirítear tuarastal agus liúntais ragoibre, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

## Ranníocaíocht Pinsin Fostóra

| | € | € |
|---|---|---|
| Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | **183,108** | 128,414 |
| Scéim Eiseamláireach | **968,689** | 969,176 |
| | **1,151,797** | 1,097,590 |

## 3(ii) Táillí agus Caiteachais Boird

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| **Táillí Boird** | **80,370** | 80,370 |
| **De réir Comhalta Boird** | | |
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | **20,520** | 20,520 |
| Walter Cullen | **11,970** | 11,970 |
| Dermot Gorman | **11,970** | 11,970 |
| John Lynch | **11,970** | 11,970 |
| Martin Naughton | **11,970** | 11,970 |
| Margot Slattery | **11,970** | 11,970 |
| | **80,370** | 80,370 |

Níor íocadh táillí leis na Comhaltaí Boird a leanas in 2017: Breda Power, Fionnuala O'Loughlin, Tim O'Hanrahan, Karen O'Leary, Colette Crowne agus Conor O'Brien mar gheall ar an bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin a bheith i bhfeidhm.

Ní raibh aon chostais a bhain leis an mBord i rith na bliana

## 4 Costais Phróiseála Éilimh

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Costais an Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | **2,502,214** | 2,569,699 |
| Táillí Leighis a bhain le hÉilimh * | **7,879,841** | 8,033,708 |
| Costais Eile a bhain le hÉilimh | **135,051** | 172,536 |
| Costais a bhain le hÉilimh atá le hAisíoc | **(8,014,891)** | (8,206,244) |
| Costais Phróiseála Éilimh Réamhíoctha sa bhliain reatha ** | **(246,117)** | (232,964) |
| Costais Phróiseála Éilimh Réamhíoctha – scaoilte sa bhliain | **232,964** | 256,518 |
| | **2,489,062** | 2,593,253 |

* Mar chuid de phróiseas an Bhoird (féach Nóta 2) áirithíonn sé seirbhísí réimse de chleachtóirí gairmiúla, lena n-áirítear dochtúirí ginearálta, sainchomhairleoirí agus achtúirí. Bíonn leibhéal na gcostas próiseála éilimh éagsúil ag brath ar an éileamh. De bharr meán-amlíne an phróisis, beidh costais phróiseála éilimh ann a tabhaíodh in 2018 a bhaineann le toilithe a fuarthas in 2017. Ní sholáthraítear na costais sin sna ráitis airgeadais. Aisíoctar na costais sin agus costais eile a bhaineann le héilimh don Bhord ag an bhfreagróir.

** Áirítear sna costais phróiseála éilimh cuid de na costais réamh-thoilithe atá réamhíoctha chuig 2018. Scaoiltear an réamhíocadh nuair a fhaightear táillí an fhreagróra.

## 5 Caiteachas

### Costais Chóiríochta agus Tógála

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse | **297,007** | 328,207 |
| Glantachán agus Slándáil | **58,199** | 59,639 |
| Solas agus Teas, Cothabháil agus Eile | **45,278** | 65,228 |
| Costais Scinceála (Nóta 12) | **18,929** | 59,951 |
| | **419,413** | 513,025 |

### Costais Earcaíochta, Oiliúna agus Oideachais

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Oiliúint, Oideachas agus costais eile | **49,636** | 31,138 |
| Sainchomhairleoireacht Acmhainní Daonna | **5,314** | 2,355 |
| Fógraíocht, Agallaimh agus costais eile earcaíochta | **9,099** | 6,142 |
| | **64,049** | 39,635 |

### Costais Faisnéise, Taighde agus Cumarsáide

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Feasacht Phoiblí | **99,701** | 166,004 |
| Fógraíocht – Eile | **45,824** | 43,076 |
| Caidreamh Poiblí agus Sainchomhairleoireacht Cumarsáide | **55,139** | 75,088 |
| Bileoga/Bróisiúir agus Foilseacháin | **18,304** | 14,244 |
| | **218,968** | 298,412 |

### Costais Dlí agus Táillí Gairmiúla

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Staitistiúla agus Táillí Gairmiúla eile | **105,552** | 100,976 |
| Athbhreithniú Oibriúcháin * | **0** | 125,982 |
| Tacaíocht Soláthair * | **0** | 31,911 |
| Sainchomhairleoireacht TF * | **83,797** | 58,784 |
| Sainchomhairleoireacht Airgeadais * | **14,699** | 4,244 |
| Iniúchadh Inmheánach | **24,025** | 26,180 |
| Iniúchadh | **15,500** | 13,500 |
| Comhairlí Ginearálta Dlí | **55,501** | 61,209 |
| | **299,074** | 422,786 |

* Áirítear ar na costais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

## 5 Caiteachas (ar lean)

| | | |
|---|---|---|
| Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe | **33,737** | 10,824 |
| Costais sainchomhairleoireachta athmhuirearaithe chuig Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **98,496** | 220,921 |
| | **132,233** | 231,745 |

### Costais Athbhreithnithe Breithiúnaigh

| | **2017** **€** | **2016** **€** |
|---|---|---|
| Soláthar Athbhreithnithe Breithiúnaigh (Nóta 10) | **271,477** | 150,000 |
| Scaoileadh an tSoláthair Athbhreithnithe Breithiúnaigh | **(179,778)** | 0 |
| | **91,699** | 150,000 |

### Costais TF

| | **2017** **€** | **2016** **€** |
|---|---|---|
| Forbairt Bogearraí TF | **0** | 1,653 |
| Táillí Ceadúnais TF | **177,145** | 173,517 |
| Tacaíocht agus Cothabháil TF | **283,830** | 207,554 |
| Tomhaltáin agus Oiliúint TF | **1,664** | 2,245 |
| Seirbhís Bhainistithe Priontála | **21,972** | 24,481 |
| Costais Eile TF | **461** | 3,881 |
| Slándáil TF | **37,265** | 47,632 |
| | **522,337** | 460,963 |

### Costais Riaracháin Ghinearálta

| | **2017** **€** | **2016** **€** |
|---|---|---|
| Postas | **451,703** | 402,325 |
| Taisteal agus Cothabháil – Náisiúnta | **15,233** | 12,711 |
| Taisteal agus Cothabháil – Idirnáisiúnta | **0** | 754 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **42,680** | 31,236 |
| Árachais | **50,092** | 48,089 |
| Ús Bainc agus Muirir | **13,337** | 10,271 |
| Ilchostais | **1,786** | 4,870 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Foireann * | **8,926** | 5,408 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Cliant | **0** | 0 |
| Caiteachas a bhaineann le Fostaithe | **1,435** | 2,155 |
| Ús Íocaíochta Prais | **4,207** | 2,667 |
| Laghdú i Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | **(12,886)** | (22,171) |
| Díscríobhanna Táillí Freagróra | **30,000** | 46,000 |
| Díscríobhanna Táillí a Bhaineann le hÉilimh | **41,234** | 58,348 |
| | **647,747** | 602,663 |

* Áirítear ar chaiteachas Siamsaíochta/Fáilteachais ranníocaíocht €5,955 chuig Club Sóisialta Fhoireann an PIAB.

## 6 Sócmhainní Seasta

| | Feabhsúcháin Léasachta | Crua-earraí/ Bogearraí TF | Trealamh oifige | Daingneáin agus Feistis | Troscán Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € |
| **Costas/Luacháil** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 832,665 | 1,205,574 | 43,126 | 16,338 | 3,864 | 2,101,567 |
| Méideanna breise | 605,724 | 574,754 | 0 | 0 | 50,329 | 1,230,807 |
| Diúscairtí | (832,665) | (208,454) | 0 | (10,966) | 0 | (1,052,085) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **605,724** | **1,571,874** | **43,126** | **5,372** | **54,193** | **2,280,289** |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 832,665 | 935,805 | 19,553 | 14,437 | 1,498 | 1,803,958 |
| An Muirear | 60,572 | 145,534 | 8,625 | 672 | 4,934 | 220,337 |
| Diúscairtí * | (832,665) | (208,454) | 0 | (10,966) | 0 | (1,052,085) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **60,572** | **872,885** | **28,178** | **4,143** | **6,432** | **972,210** |
| | | | | | | |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | **545,152** | **698,989** | **14,948** | **1,229** | **47,761** | **1,308,079** |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 0 | 269,769 | 23,573 | 1,901 | 2,366 | 297,609 |

* Eascraíonn na diúscairtí Feabhsúcháin Léasachta ón athchóiriú oifige a rinneadh in 2017 (féach Nóta 12).

## 7(a) Infháltais

### Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:

| | 2017 | Athshonraithe 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Táillí Infhála** | | |
| Táillí Freagróra | **882,000** | 900,600 |
| Táillí a Bhaineann le hÉilimh | **791,754** | 979,511 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | **(170,139)** | (183,024) |
| Ús Infhaighte | **1,875** | 6,937 |
| Réamhíocaíochtaí | **429,987** | 392,034 |
| Féichiúnaithe Eile | **10,772** | 9,717 |
| | **1,946,249** | 2,105,775 |

Íoctar costas pinsin na dtriúr pinsinéirí PIAB ag an PIAB agus aisíoctar é ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Aisíocadh an costas in 2017, €151,158, ina iomlán ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta roimh dheireadh na bliana.

## 7(b) Airgead agus Coibhéis Airgid

| | 2017<br>€ | Athshonraithe<br>2016<br>€ |
|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **1,236,933** | 2,300,859 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | **18,573,179** | 17,321,950 |
| | **18,573,179** | 19,622,809 |

## 8 Suimeanna Iníoctha

### Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:

| | 2017<br>€ | Athshonraithe<br>2016<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha | **270,031** | 213,786 |
| Fabhruithe | **456,530** | 928,884 |
| Cánacha agus Leas Sóisialta | **250,472** | 329,448 |
| Dliteanas Pinsin * | **123,844** | 182,019 |
| Creidiúnaithe Eile | **61,413** | 47,701 |
| Ioncam Iarchurtha (Nóta 9) | **2,460,308** | 2,546,766 |
| | **3,622,598** | 4,248,604 |

* Ranníocaíochtaí Pinsin agus Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean Fostaí agus Fostóra

## 9 Ioncam Iarchurtha

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **2,546,766** | 2,584,328 |
| Ioncam Iarchurtha a soláthraíodh sa bhliain | **2,460,308** | 2,546,766 |
| An méid a scaoileadh le hioncam sa bhliain | **(2,546,766)** | (2,584,328) |
| | **2,460,308** | 2,546,766 |

Déileáiltear le táillí freagróra a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

## 10 Soláthar le haghaidh Dliteanas – Athbhreithniú Breithiúnach

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 764,908 | 728,207 |
| Soláthar Breise (Nóta 5) | 271,477 | 150,000 |
| A Úsáideadh sa Bhliain | (101,606) | (113,299) |
| Laghdú sa Soláthar | (179,778) | 0 |
| **Iarmhéid Deiridh** | **755,001** | **764,908** |

Is meastachán ciallmhar dliteanas é soláthairtí a d'fhéadfadh teacht aníos chuig tríú páirtithe, maidir le caingne dlí a fógraíodh roimh dheireadh na bliana. Mar gheall ar chineál oibríochtaí an Bhoird, tá baint aige i roinnt caingne dlí, go príomha an t-athbhreithniú breithiúnach ar ailt an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

Tá na soláthairtí bunaithe ar mheasúnú ar na costais dhóchúla maidir le caingne aitheanta a chosaint a mhéid is gur féidir a leithéid de chostas a mheas. Áirítear ar na toimhdí a dhéantar maidir le leibhéal cuí an tsoláthair a mheas toradh dóchúil na gcaingne, treocht thodhchaíoch na gcostas dlí (ár gcostais féin agus costais an tríú páirtí araon) agus an dáta measta a bheidh éisteacht na caingne. Athbhreithnítear an soláthar ar bhonn míosúil, agus nuair a thagann breis eolais ar fáil. Ina dhiaidh sin, próiseáiltear aon mhéadú nó laghdú is gá sa soláthar. Tá an Bord sásta go bhfuil an meastachán is fearr déanta aige le haghaidh soláthar cuí sna ráitis airgeadais le haghaidh an toraidh dhóchúil.

## 11 Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar a luaitear i Nóta 10, tá an Bord, ó am go ham, ina pháirtí do chaingne éagsúla dlí. Déanann an Bord soláthar iomlán le haghaidh costais ionchasacha dlí a bhaineann leis na cásanna a fógraíodh dó (Nóta 10). Is dócha go bhfógrófar roinnt cásanna breise don Bhord sa todhchaí maidir le cinntí a rinneadh roimh 31 Nollaig 2017. Ní féidir tionchar ionchasach airgeadais a leithéid d'éilimh a mheas.

## 12 Ceangaltais Airgeadais

### Léasanna Oibriúcháin

Tá an Bord suite ar dhá urlár ag Grain House, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus íocann an Bord as costais an léasa, €188,554, faoi thionóntacht ó bhéal. Oibríonn an Bord faoi théarma léasa fiche bliain ar cuireadh tús leis in Aibreán 2004.

Mar gheall ar oibreacha athchóirithe a thosaigh in Eanáir 2017, chuaigh an Bord isteach i léas gearrthéarmach ar cuireadh tús leis i Lúnasa 2016 ag Broomhill Business Centre, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, a chuaigh in éag i mBealtaine 2017. Chosain an léas sin €10,000 (2016 €10,000). I rith na bliana, thabhaigh an Bord costas €18,929 (2016 €59,951) chun na hoibreacha athchóirithe a éascú (nóta 5).

## 12 Ceangaltais Airgeadais (ar lean)

Bhí na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí ag an mBord ar an 31 Nollaig 2017 faoi léasanna oibriúcháin neamhinchealaithe do na tréimhsí seo a leanas:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain | **189,555** | 198,554 |
| Iníoctha laistigh de dhá go cúig bliana | **754,965** | 754,216 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | **235,692** | 439,959 |
| | **1,180,212** | 1,392,729 |

Ba é €198,554 an íocaíocht léas oibriúcháin a aithníodh mar chostas (2016: €200,554)

## 13 Cur Chuige Cuntasaíochta le haghaidh Sochair Scoir

Faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, bíonn iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí ar nó i ndiaidh Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair").

Feidhmíonn an Bord scéim pinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. Faomhadh an scéim d'fhostaithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ag an Aire Airgeadais in 2008. Faomhadh an Scéim Pinsean Ranníocaíoch do Bhaintreacha agus do Leanaí in 2009.

Tá roinnt tréithe sonracha ag an scéim (féach nóta 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta)

### Luacháil Achtúireach

Choimisiúnaigh an Bord luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe ar an dáta tuairiscithe, agus costas na sochar (costas seirbhíse) a fabhraíodh i rith na bliana. Tá na toimhdí a leanas ina mbonn don luacháil sin atá bunaithe ar mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid:

| Ráta Bliantúil Toimhdithe | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | **2.00%** | 2.00% | 2.70% |
| Toimhde bhoilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí) | **1.80%** | 1.80% | 1.80% |
| Méaduithe Tuarastal | **3.05%** | 3.05% | 3.05% |
| Méaduithe Pinsean Stáit | **2.30%** | 2.30% | 2.30% |
| Ráta an mhéadaithe i bpinsin atá á n-íoc – Scéim Eiseamláireach | **2.55%** | 2.55% | 2.55% |
| Ráta an mhéadaithe i bpinsin atá á n-íoc – Scéim Aonair | **1.80%** | 1.80% | 1.80% |

Ina theannta sin, rinneadh na toimhdí déimeagrafacha a leanas amhail an 31 Nollaig 2017.

| Ionchas saoil ag 65 bliain d'aois | | |
|---|---|---|
| Fear atá 45 faoi láthair | **24.9 bliain** | **24.8 bliain** |
| Fear atá 65 faoi láthair | **22.5 bliain** | **22.4 bliain** |
| Bean atá 45 faoi láthair | **25.9 bliain** | **25.8 bliain** |
| Bean atá 65 faoi láthair | **24.0 bliain** | **23.9 bliain** |

Bunaithe ar an méid thuas, is é €28,854,000 luach reatha na ndliteanas ar an dáta tuairiscithe [2016: €27,317,000], agus is é €1,491,000 costas seirbhíse (arna ríomh ar na toimhdí roimhe seo) na bliana [2016: €1,220,000].

## 13 Cur Chuige Cuntasaíochta le haghaidh Sochair Scoir (ar lean)

### Anailís ar na costais iomlána phinsin a gearradh ar chaiteachas

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán fostóra | **1,151,797** | 1,097,590 |
| Costas seirbhíse reatha | **1,491,000** | 1,220,000 |
| Costas úis | **545,000** | 572,000 |
| Costas na seirbhíse roimhe seo | **0** | 0 |
| Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha Pinsin Státchiste | **(2,036,000)** | (1,792,000) |
| Iomlán a muirearadh ar Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **1,151,797** | 1,097,590 |

* Áirítear ranníocaíochtaí fostaithe sa Chostas Seirbhíse Reatha, €208,474 in 2017 agus €199,783 in 2016 san iomlán.

### Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | **27,317,000** | 21,209,000 |
| Costas Reatha Seirbhíse | **1,491,000** | 1,220,000 |
| Costas Úis | **545,000** | 572,000 |
| Costas na seirbhíse roimhe seo | **0** | 0 |
| Gnóthachain (ó thaithí) ar dhliteanais na scéime | **(348,000)** | (117,000) |
| Athrú ar thoimhdí | **0** | 4,516,000 |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | **(151,000)** | (83,000) |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | **28,854,000** | 27,317,000 |

### Stair na ndliteanas scéime agus (gnóthachain)/caillteanais ó thaithí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Athrú ar thoimhdí faoi bhonn luach reatha dhliteanas na scéime pinsin | **0** | 4,516,000 |
| % dliteanais ag deireadh na bliana | **0.00%** | 16.50% |
| Gnóthachain (ó thaithí) ar dhliteanais na scéime | **(348,000)** | (117,000) |
| % dliteanais ag deireadh na bliana | **(1.2%)** | (0.4%) |
| Dliteanas scéime | **28,854,000** | 27,317,000 |

## 14 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Féach ar Nóta 3 le haghaidh miondealú ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais Athbhreithnithe 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá Cód Cleachtais Gnó i bhfeidhm ag an mBord do Chomhaltaí Boird agus d'fhostaithe. Cuimsítear treoir sna cóid sin maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana a chlúdaítear ag na ráitis airgeadais seo.

## 15 Coigeartú don Bhliain Roimhe

| | | Amhail an 1 Eanáir 2016 € | Amhail an 31 Nollaig 2016 € |
|---|---|---|---|
| **Cúlchistí** | | | |
| Mar a luadh cheana | | 17,880,707 | 19,326,483 |
| Coigeartú Ioncaim Iarchurtha | (a) | (2,584,328) | (2,546,766) |
| Coigeartú costais réamhíoctha | (b) | 256,519 | 232,965 |
| **Cúlchistí athshonraithe** | | **15,552,898** | **17,012,682** |

(a) Aithníodh táillí freagróra ina n-iomlán nuair a toilíodh do phróiseas an Bhoird. In 2017, rinne an PIAB athbhreithniú ar a bheartas ioncaim agus bhain sé de thátal as go mbeadh sé níos oiriúnaí dá n-aithneofaí ioncam ó tháillí freagróra ag céim chríochnaithe an phróisis. Caitear le hioncam ó tháillí freagróra a fuarthas ach nár aithníodh sa bhliain airgeadais chuí ar aon dul leis an mbeartas athbhreithnithe cuntasaíochta mar ioncam iarchurtha.

Mar thoradh air sin, tá méadú €2,584,328 ar shuimeanna iníoctha ar an 31 Nollaig 2015 le laghdú comhfhreagrach sna cúlchistí.

(b) Tabhaíonn an Bord costais sula bhfaightear toiliú. Ar aon dul leis an mbeartas athbhreithnithe cuntasaíochta, déanann an Bord meastachán faoi chéatadán na gcásanna sin a mbeidh toiliú mar thoradh orthu agus caitheann sé leis na costais sin mar réamhíocaíochtaí. An tionchar atá aige sin ná méadú €256,519 ar infháltas ar an 31 Nollaig 2015 le méadú comhfhreagrach sna cúlchistí.

## 16 Athbhreithniú ar Reachtaíocht

Tá athbhreithniú reachtúil curtha i gcrích ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007. Tá Scéim Ghinearálta an Bhille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) foilsithe ag an Roinn agus tá sé á dhréachtú faoi láthair ag Oifig an Ard-Aighne. Seolfar dréacht deiridh chuig an Rialtas chun cead foilsithe a fháil.

## 17 Figiúir chomparáideacha

Athaicmíodh méideanna áirithe ón mbliain roimhe ar mhaithe le comhsheasmhacht le léiriú na bliana reatha. Ní raibh tionchar ag na hathaicmithe sin ar na torthaí tuairiscithe.

## 18 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 24 Bealtaine 2018.

# Aguisín


## Anailís Gheografach ar Éilimh

| Tábla 3.1 Miondealú na nDámhachtainí de réir Suímh (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | 2017 Líon na nDámhachtainí | 2017 % de Dhámhachtainí | 2016 Líon na nDámhachtainí | 2016 % de Dhámhachtainí | 2015 Líon na nDámhachtainí | 2015 % de Dhámhachtainí | 2014 Líon na nDámhachtainí | 2014 % de Dhámhachtainí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 12,353 | 97.5% | 12,658 | 97.6% | 11,440 | 97.6% | 12,128 | 97.6% |
| Tuaisceart Éireann | 171 | 1.4% | 199 | 1.5% | 168 | 1.4% | 194 | 1.6% |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 75 | 0.6% | 74 | 0.6% | 88 | 0.7% | 69 | 0.6% |
| An chuid eile den Domhan | 64 | 0.5% | 35 | 0.3% | 38 | 0.3% | 29 | 0.2% |
| **IOMLÁN** | **12,663** | **100.0%** | 12,966 | 100.0% | 11,734 | 100.0% | 12,420 | 100.0% |

| Tábla 3.2 Miondealú ar Chatagóirí na nDámhachtainí de réir Suímh (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | 2017 ML | 2017 EL | 2017 PL | 2017 Iomlán | 2016 ML | 2016 EL | 2016 PL | 2016 Iomlán | 2015 ML | 2015 EL | 2015 PL | 2015 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 8,910 | 1,196 | 2,247 | 12,353 | 9,318 | 1,139 | 2,201 | 12,658 | 8,569 | 905 | 1,966 | 11,440 |
| Tuaisceart Éireann | 138 | 3 | 30 | 171 | 174 | 7 | 18 | 199 | 146 | 6 | 16 | 168 |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 56 | 2 | 17 | 75 | 53 | 1 | 20 | 74 | 74 | 4 | 10 | 88 |
| An chuid eile den Domhan | 38 | 15 | 11 | 64 | 19 | 11 | 5 | 35 | 26 | 9 | 3 | 38 |
| **IOMLÁN** | **9,142** | **1,216** | **2,305** | **12,663** | 9,564 | 1,158 | 2,244 | 12,966 | 8,815 | 924 | 1,995 | 11,734 |


# Aguisín

**Líon Dámhachtainí in aghaidh an Chontae**



# Aguisín

**% Dámhachtainí in aghaidh an Chontae**



# Aguisín

## Dámhachtainí Iomlána 2017

| Fíor 3.3 Líon is Airde na nDámhachtainí Iomlána de réir Contae 2017 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 4,112 |
| Corcaigh | 1,190 |
| Luimneach | 873 |
| Gaillimh | 593 |

| Fíor 3.4 Líon is Ísle na nDáchachtainí Iomlána de réir Contae 2017 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 68 |
| Ros Comáin | 119 |
| Muineachán | 135 |
| Ceatharlach | 138 |

## Dámhachtainí Dliteanas Fostóra 2017

| Fíor 3.7 Líon is Airde na nDámhachtainí DF de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 418 |
| Corcaigh | 106 |
| Cill Dara | 71 |
| Luimneach | 68 |

| Fíor 3.8 Líon is Ísle na nDámhachtainí DF de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 2 |
| Ros Comáin | 8 |
| An Longfort | 11 |
| Sligeach | 11 |

## Dámhachtainí Dliteanas Mótair 2017

| Fíor 3.5 Líon is Airde na nDámhachtainí DM de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 2,840 |
| Corcaigh | 884 |
| Luimneach | 648 |
| Gaillimh | 469 |

| Fíor 3.6 Líon is Ísle na nDámhachtainí DM de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 57 |
| Muineachán | 97 |
| Ros Comáin | 97 |
| Cill Chainnigh | 98 |

## Dámhachtainí Dliteanas Poiblí 2017

| Fíor 3.9 Líon is Airde na nDámhachtainí DP de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 854 |
| Corcaigh | 200 |
| Luimneach | 157 |
| Cill Dara | 106 |

| Fíor 3.10 Líon is Ísle na nDámhachtainí DP de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 9 |
| Ros Comáin | 14 |
| Muineachán | 19 |
| Sligeach | 19 |

piab
Bord Measúnaithe
Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries*
*Assessment Board*

**An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta**

Bosca P.O. 8
Cloich na Coillte
Co. Chorcaí

www.piab.ie
Teil: 1890 829121
TÉ agus an Bhreatain: 08708768121